


LEABHAR NA POLAINNE

LIAM O RINN



3 1761 04411 3256

PG
7158
M5
K719
1920



From the Library
of
PÁDRAIG Ó BROIN

LEABHAR NA POLAINNE


LEABHAR NA POLAINNE

.I. LE LIVRE DE LA NATION POLONAISE
ET DES PÈLERINS POLONAIS, DO SCRIBH
ADAM MICKIEWICZ

LIAM O RINN
DO CHUIR I nGAEDHILG

1920

AN COMHLUCHT ÉIREANNACH UM THRÁCHTÁIL
EADARNÁISIÚNTA
SRÁID AN CHABHLAIG, ÁTH CLIATH



PG
7158
M5 K719
1920

Do'n Mhuintir atá
ag troid agus ag obair ar son
Saoirse
is Teanga na hEireann
an Leabhar seo



CLAR AN LEABHAIR SEO

Leathanach

RÉAMH-FHOCAL	...	...	...	VII
TIONNSCNAMH Ó AODH DE BLÁCAM...				IX
RÉAMHRÁDH LADISLÁIS MICKIEWICZ				15
LEABHAR AN NÁISIÚIN PHOLANNAIG				21
LEABHAR NA nOILITHREACH bPOLAN- NACH	...	...	...	37
GUIDHE AN OILITHRIG		...	...	94
LIODÁN NA nOILITHREACH	...		...	95
NÓTAÍ	...	...	...	98

REAMH-FHOCAL

Ba mhaith liom mo bhaochas do ghabháil le hAodh de Blácam ar dtúis mar gheall ar an suim a chuir sé am' shaothar agus mar gheall ar gurb iad na giotaí d'aistrigh sé ón bhFraincis, agus a chuir sé i gcló i mBéarla i *Saoirse na hEireann*, a chéad-chuir ag cuimhneamh ar an obair do dheunamh in aon chor me. Annsan ba mhaith liom mo bhaochas do ghabháil leis an Athir Clement, an Mhainistir, Baile Loch Riabhach, mar, nuair a hinnseadh dó go rabhas chun an leabhair d'aistriú, do chuir sé ag triall orm an t-aistriú Gaedhilge a bhí deunta aige féin agus duairt sé liom mo rogha úsáid a dheunamh de. Gabhaim baochas thar cách leis an Athir Risteárd Pléimíonn, uachtarán Choláiste Gaedhilge Bhaile-áth-cliath, mar, nuair a bhíos ag ath-scríobhadh an leabhair, taréis é bheith i gcló i *Nationality* (19-2-1916—22-4-1916) agus sa phápear eile a bhí ag Art ó Gríofa taréis teacht a bhaile ó Shasana dhó (17-2-1917—21-4-1917), do léas ó thúis deire dhó é agus, ghá chur i gcumpráid leis an mbun-Fhraincis dúinn, do cheartuigh sé é i ngach áit nur ghá é cheartú agus thug sé mórán comhairle dhom i dtaobh conus feabhas a chur ar mo chuid Gaedhilge agus ar an stíl, agus do ghlacas agus do chuireas i bhfeidhm go fonnmhar furmhór na comhairle sin. Do thespeánas roinnt de don Athir Peadar ó Laoghaire, Canónach, leis, beannacht Dé lena anam! agus do chuir sé feabhas ar an stíl anso is ansúd, ach measaim nár thaithn sé go léir leis go ró-mhór ar fad toisc cainteana bheith ann ná fuil puinn taithí ag muintir na Gaeltachta

orra, béidir. Mo bhaochas do Liam O Briain, M.E., leis, mar thug sé roinnt conganta dhom i dtosach na hoibre. Leanbh le mórán daoine an leabhar so, adéarfadh an léthóir.

Focal eile : béidir gurbh fhearr “có-uaisleacht” mar Ghaedhilg ar “égalité” uaireanta.

Do scrífinn cuntas éigin ar an údar, Adam Mickiewicz, ach tá eagla orm go ndeunfadh san an leabhar níos mó ná mar atá ceapuithe i meastachán na gclóadóirí agus fós tá sé pas deunach bheith ag cuimhneamh air agus é go léir, geall leis, i gcló. Deunfad é uair éigin eile le cúnamh Dé má bhíon caoi agum air.

O tharla gur dó lena lán daoine nách maith an rud aistriú ar aistriú ní miste a rá anso, nuair a bhí an leabhar dhá chur i bhFraincis ag M. Armand Lévy, i gCathir Chonstantín, i 1855, go raibh an t-údar féin ag feuchaint chuige go ndeunfadh sé sa cheart é.

O oscladh siopa na leabhar Fraincise i Sráid Aine i mBaile-áth-cliath ba chóir nár ró-dheacair oibreacha Adam Mickiewicz dfáil. “Chefs-d’oeuvre poétiques d’Adam Mickiewicz traduits par lui-même et par ses fils et suivis du Livre de la Nation Polonaise et des Pèlerins Polonais avec une notice sur la vie de l’auteur par Ladislas Mickiewicz”—siné teidiol an leabhair ina iomláine. G. Charpentier, rue de Grenelle-Saint-Germain 13, Paris, dfoillsig é.

LIAM O RINN.

TIONNSCNAMH

O AODH DE BLACAM

Leabhar naofa do lucht na náisiúntachta an leabhar seo, cosúil leis an Apocalyptos nó le Irisleabhar Prísúin Sheáin Mhistéil. Baineann sé leis na smaointí is doimhne i gcroidhe an tírghráhóra. Bhí an t-údar ar aon chuideachta leis na laochra is na martair ba mhó do throid is do fhulaing ar son tíre nó creidimh. Má tá meon Gaeil ag an léitheoir, aithneochaidh sé Eire san “Náisiún Oilithreach” agus glacfaidh sé chuige fhéin an méid a scríobh Mickiewicz chuig a cho-lucht-tíre.

Tá leabhar an-suimeúil le fáil ar bheatha Mhickiewicz,* ach bféidir gur doiligh a chuid scríbhinní fháilt, go mórmhór *Leabhar na n-Oilithreach*. Níor rinneadh aistriú Béarla ar an rí-leabhrán seo ariamh, gí gur h-aistrigheadh i morán teangacha eile é. Tá sé in Eabhrais ag na hlúdaigh, mar taitneann teagasc Mhickiewicz go mór leis an gcineadh díbeartha sin. San Fhraincis a léigheas an leabhar,† agus nuair bhí sé léite agam thall san Museum Breatnach, bhí mo chroidhe fré theine, agus dubhras liom fhéin nach mbeinn sásta go bhfuighinn cóip damh fhéin agus go gcuirfhinn i n-úil do Ghaedhlaibh é. D’aistrigh mé cúpla giotaí agus chuireas i gcló i *Saoirse na hEireann* iad i mbliain a 1913; agus i mbliain a 1915 scríobhas

* *Adam Mickiewicz. Le Monica M. Gardner. Lonndain, 1911. Féach leat fosta Poland: A Study in National Idealism, leis an údar chéadna. Lonndain, 1915.*

† *Le Livre de la Nation Polonaise et des Pèlerins Polonais.* Dhá aistriú ag M. Armand Lévy agus á chur in eagar ag Ladislás Mickiewicz, mac an údair, Páras.

aisde in *Nationality* ar bheatha agus teagasc Mhickiewicz. Fuaireas dorn maith litreacha gan mhoill ag fiafruighe dhíom cá bhfaghfaí *Leabhar na bPolannach* agus ag ofráil Gaelig do chur air. Tá sin déanta anois ag Liam O Rinn, agus creidim nach dtiocfadh le duine ar bith é dhéanamh níos fearr. Leanann sé go dlúth don teistimhin Fhraincise ach níl cuma aistriúcháin ar bith ar an Ghaelig, acht í slachtmhar, aclaíde, saor, nadúrtha, agus aithris bhreá bhlasta aige ar stíl Bhíoblach an údair.

Goid' iad anois bun agus brí an leabhráin iongantaigh seo agus cerbh' é Mickiewicz?

Na daoine a bhfuil eolas aca ar litríocht na Sclábhach, deir siad gurbh é Mickiewicz [rugadh i 1798] an file ba mhó den chineál Pholannach, agus nár rugadh sa Rúis féin sárú Mhickiewicz ar bhinneas ceoil ná ar uaisleacht aignidh ach amháin Púiscín. Bíodh sin mar atá, rí-fhile agus drámadóir críochnuithe a bhí ann, agus ní raibh de adhbhar ealadhan aige ach grá don Phólainn agus mórchlú a thíre dúchais. Ba thruamhéileach ar fad stáir na Pólainne san XIX-adh aois. Bhí sí díreach i ndiaidh a roinnte ag trí h-impireachta, agus ní haon uair amháin d' éirigh na Pólannaigh ach arís agus arís, agus ba iongantach do-innste na fearta cogaidh a rinn an cineadh beag i n-aghaidh na gcomhacht mór. Ach tar éis an éirghe amach i mbliain a 1830, scriosadh agus loiteadh an náisiún, agus glanadh a ainm den léarscáil. Bhain na Cosacaí na páisdí go borb dá máithreacha agus thógadar leo iad go h-áit gan ainm; ní raibh áireamh ar an méid daoine a cuireadh chuig na mianacha i Siberia; agus theich na mílte ón Phólainn go dtí an Fhrainc, go Sasana agus go h-Amerioca. Díbirt Mhór a bhí ann,

costúil le díbirt na nGaedheal i ndiaidh an Ghorta nó Scaipeadh na nEabhrach i ndiaidh scrios Iarúsalaím. Is annsin a bhí an dubh-aigne agus an diombáidh ar chlainn na Pólainne, agus ba dhóigh le morán, mar ba dhóigh leis an domhan, go raibh an Phólainn marbh fá dheire go deo na ndeor. San oíche sin an duaircis don náisiún millte, nuair bhí a saoirse is a saibhreas ar lár agus caoineadh is crádh ar fud a críocha, do scríobh Mickiewicz, agus é 'na dheoraidhe i bPáras, an leabhrán aisteach seo dfhonn dóchas an náisiúin a choinneáilt beo, fiú fá scáile an bháis.

Creideamh aisteach, misticeach a lasadh i gcroíthe na ndeoraithe, sin é is adhbhar cainnte do Mhickiewicz ins na leathanaigh seo leanas. Messianaigh a tugtfí ar Mhickiewicz agus ar a cháirde, mar isé an creideamh do bhí acu ná é bheith i ndán don náisiún Phólannach bás dfháil ar son na náisiún mbeag, agus eiséirghe do bheith aici i ndiaidh tamaillt le saoirse thabhairt ar ais don domhan,—an Phólainn 'na Messia i measc na gcineadh ar nós Críost i measc daoine. Fé mar a briseadh comhacht an bháis agus neart a namhad ar eiséirghe do Chríost, is amhlaidh sin a brisfear comhacht na dtíoránach agus a scaoilfear daoirse na gcineadh nuair éireochas an Phólainn as an uaigh 'nar cuireadh í ag Impireachtaí an t-saoil seo.

Fear físe no fáidh Mickiewicz, agus fíis fhírinneach a bhí aige. Do chlaoidh na Pólannaigh lena theagasc;* sheasadar guala le gualainn le chéile; níor ghéilleadar riamh ach ag súil i dtólamh le saoirse luath no mall—

*Deirtear go bhfuairathas cóip de *Leabhar na bPolannach* ar chorp saighdiúra sangcoga Seapáineach; rugadh i Siberia é ach ba de bhunadh Phólannach é; ní fhaca sé tír a aithreacha riamh ach bhí a ndóchas ina chroidhe aige.

agus tháinig an eiséirghe. Tá an Phólainn 'na náisiún saor aonta arís; ach ca bhfuil na h-Impireachtaí do chuir chum bháis í? Níl fáidheadóireacht Mhickiewicz cóilonta ar fad go fóill, ámhthach. Ní ar shaoirse na Pólainne amháin a bhíodh a mhachtnamh ach ar shaoirse na hEireann fosta. Bhí dúil mhór aige i nEirinn. Nuair fuair sé bás,* fuarthas leabhar ar oscailt ar a bhórd—an rud deireannach do léigh sé—agus goidé bhí ann ach cionn de scríbhinní na “nGaed-eal Og.” Deir Mickiewicz i *Leabhar na nOilithreach* go bhfuighidh na cineacha beaga sealbhas an domhain san am ata le teacht agus go gcuirfar na hImpireachtaí uilig ar neamhnídh. Ach níl “áit faoi 'n ghréin,” mar adeirtear, faighte ag Eirinn fós, agus níl deireadh leis an Impireacht is measa tíoránacht dár chruthaigh an diabhal ariamh. Ach beidh.

Nuair is doirche an oíche is annsin is goirc dhúinn an mhaidean. Nuair bhí an náisiún Iúdach i riocht bháis, agus N. Eoin 'na dheoraidhe ar oileán Phatmos ar nós Mhickiewicz i bPáras, is annsin do taisbeánadh dó árd-fhís na náisiúntachta agus an tírghrá—Iarúsailaim Ur ag teacht anuas ó neamh. Ba h-ionann le sin fís agus dóchas Mhickiewicz, agus is ionann leis an fhís agus an dóchas badh cheart a bheith againne. Tá dorchadas agus daoirse ar Eirinn anois, ach léighmís an méid atá scríobhtha ag na fáidhe do chuaidh romhainn, agus ná bíodh eagla orainn, mar “níl bás ann nach bhfuil eiséirghe na dhiaidh, agus is as uaigh-eannaibh na mairtireach eireochas saoirse Gaedheal.” Beidh deire go luath leis an oilithreacht ró-fhada seo ag clanna Gaedheal, agus do b'fhéidir nach fada go

* I gConstantinópail i mbliain a 1855.

bhfeicfimid Eire Ur ag teacht ar an dtalamh cosúil leis an chathair ionmhuin, fá 'r dhubhairt an naomh :

“ Ní riachtanach air an gcathraigh grian ná gealach do shoillsiú innte : óir do shoillsigh glóir Dé í, agus an t-Uan is solas di. Agus ní rachaidh isteach innte ní ar bith neamhghlan ná do ghní gráiniúlacht ná bréag Agus chuala mé guth mór ag rádh : Feuch ! Tabernacuil Dé ag daoinibh, agus glanfaidh Dia gach uile dheor óna súlibh ; óir do chuadar na céid-neithe thorainn. Feuch !—doghním na h-uile neithe nua !

“ Amén. Uime sin, tar, a Thiarna ! ”

AODH DE BLACAM.

REAMHRÁDH

LADISLAIS MICKIEWICZ

MAC AN ÚDAIR.

Is mó an clú atá ar *Leabhar an Náisiúin Pholannaig agus na nOilithreach bPolannach* ná ar aon leabhar eile desna leabhraibh go léir do scríbh Adam Mickiewicz. Tháinig sé amach díreach nuair a bhí lucht machtnaimh ad iarraidh creideamh agus saoirse do cheangal dá chéile. Tháinig taithneamh mór ag an ab De Lamennais don leabhar so, agus do chuir duine desna deisciobail ba dhíograisighe da raibh aige, .i. an piara óg úd de phiaraibh na Fraince, Séarlas comte de Montalembert, do chuir sé i bhFraincis é.

Sa réamhradh do chuir Montalembert leis an aistriú san aige (21 Abrán, 1833), taréis dó a rádh : “ ní heol dúinn éinní i letríocht na haimsire seo is aoirde ná an dráma uasal úd na *nDziady*,” deir sé : “ Agus a dhólás agus a ghrádh dá thír ghá stiúrú i gcomhnuí, níorbh eagail le hAdam Mickiewicz tabhairt fésna hadhbana ba mhó dár bhain leis an atharú a mheas sé a thiocfadh ar chreideamh agus ar chor na cine daona, agus ba mhaith an sás na hadhbana san do réiteach é. Do chuarduigh sé duibheagán na gcréacht atá i gcorp an tsaoil san aimsir seo agus is dó linne gur nocht sé an leigheas *Leabhar na nOilithreach bPolannach* an chéad thora bhí ar an gcuairead nua san do thug a aigne Níor nochtadh riamh le láimh ba dháine ná ba dhaingine, dar linne, na nithe atá i ndán d’órdú pholaiticeach agus d’órdú shóisialta na haimsire seo.”

Sa bhliain 1864, nuair a tháinig aistriú nua (an ceann atá agam sa leabhar so) in ionad an chéad aistrithe (a tharaing Montalembert as an margadh nuair a chúb sé chuige sa bhliain 1849), do thespeáin Emile Deschanel, sa *Journal des Debats*, ná raibh clú an leabhair imithe i luighead le himeacht aimsire: “Másé tuairim choitían na hEorpa,” ar seisean, “gan cló séala an oirdhearcas do bheith go soiléir ar éirim aigne dhuine ar bith gan triail do sheasamh ó bhrethúntas phoblidhe na Fraince, ní atá ar phríbhléid desna phríbhléidí is onóraighe dá bhfuil ag ár dtír-na, bíon cúis mhórtais againn gachaon uair dá n-innsean an aimsir gur fíor-bhreith breith ár n-árdchoiste náisiúnta.”*

Ní hobair letríochta, ní hobair ealadhan,† *Leabhar an Náisiúin Pholannaig agus na nOílithreach bPolannach*. Isé rud é ná éamh ó chroidhe bhrúite i lár oíche an long-bhrise náisiúnta, croidhe a aithnighean, le solus na splaince agus le grásta ó neamh, cá dtánathas agus cá bhfuiltar ag dul, agus thespeánan dá chompánach-aibh an t-aon tslí amháin atá aca chun iad féin do shábháil.

Ní lú dfáilte a bhí ag náisiúin iasachta roimis ná ag an bPolainn féin. Deir Lamennais, an lá ba dhíog-raisighe do Chríostuidhe é, nár chuid ba lú ná a fhonn a bhíodh air *Leabhar na nOílithreach bPolannach* do chur i gcomórtas áilleachta leis an Soiscéal. Dá mb'iad na hIsraelítig féin iad, do bhrathadar ann mar bheadh an anál a shéidean tré *Exodus* agus foghar gotha Isáiais maraon léi; agus, dá chomhartha san, tá sé curtha in Eabhrais ag rabbi áirithe.

* notre grand jury national.

† une œuvre d'art.

Ní heol dúinn náisiún ar bith go bhfuil úrnuithe aici is féidir dá clainn go léir do rádh gan scrupal. Ach dféadfadh gach Polannach, pe aca Criostuidhe nó Israelíteach é, pe aca Caitlicidhe nó Protastúnach nó Gréagach é, dféadfadh sé “ Guidhe an Oilithrig ” do rádh.

Agus, ar an dtaobh eile den scéal, i *Liodán na nOilithreach*, deinean an ghuidhe úd chun nua-mhartar na Saoirse, agus chun na naomh do thug saibhreas a gcuid fola do République na Polainne, deinean sé gach sliocht Pholannach do cheangal dá chéile le slabhra do-bhriste.

Mar sin de, más arc connartha an leabhar so idir Pholainn na sean-aimsire agus Polann na haimsire seo, is arc connartha é leis, idir an seana-thiomna agus an tiomna nua.

Do chas daoine neamh-aireacha le hAdam Mickiewicz gur dhein sé dia den Pholainn. Ach isé a mhalairt sin díreach adubhairt sé. Feic bhérsa a 6 de bhrollach *Leabhar na nOilithreach bPolannach*: “ Ach ní dia, dáltha Chríost, an náisiún Polannach; fágan san gur féidir d'anam na Polainne bheith ar fán i Limbó agus moill do dhéanamh gan filleadh ar an gcorp, gan éirghe ó mharbhaibh.” Isé brí na scríbhinne go léir ná nách foláir don Pholainn, mar náisiún, bheith ar a dícheall i gcomhnuí, nísá mhó in aghaidh an lae, ad iarraidh a beatha do chaitheamh chó glan, chó naofa, agus chaith Iosa a bheatha mar shompla don duine, agus fós gurb ionann cás dosna hoilithrig Pholannacha sa tír iasachta agus do phobul Dé san uaigneas, agus nách mór dóibh gearán agus gluaireán agus díth creidimh do sheachaint

mar gur peacaí a lithéidí (caib. a XVII., bhérsaí a 1-3); ach ní dubhairt Adam Mickiewicz i dtaobh na Polainne gur chuma í nó pobal Dé ná gur chuma í nó Críost. Dubhairt sé go humhal gur Lasarus imeasc na náisiún í (caib. a II., bhérsa a 13).

Do bronnadh an leabhar so ar na Polannaig díreach nuair is mó bhí gá acu le sólás. Na daoine bfearr ar an gcine sin, taréis a ndíbeartha as a dtalamh dúchais, do scaipeadh ar fuaid an domhain iad. Níorbh fhada go mbeadh anródh an tsaoil agus draoidheacht na smaointe iasachta agus an neamh-fhoidhne bhíon ar lucht fáin i gcomhnuí, níorbh fhada go mbeadh na nithe sin ag imirt orra. Tháinig Adam Mickiewicz in am chun misnig a chur ar a chó-náisiúnachaibh tré n-a mheabhrú dhóibh cad ba bhrí don Pholainn in aigne Dé agus tré n-a thespeáint dóibh conus ba chóir dóibh iad féin d'iompar imeasc na stróinséaruithe agus cad ba ghá dhóibh a dhéanamh chun *exodus* do thuilleamh. Ach an sliocht úd gur tugadh na comhairleacha dhóibh agus gur bás san uaigneas do ráinig dóibh go léir, faríor! ní leo san amháin a bhaineann na comhairleacha; beid siad dá léamh ag lucht imirce ón bPolainn, le tairbhe dhóibh féin, godí go mbeidh an Pholann ar a bonnaibh arís.

Níl ach trí bliana déag ar fhichid ó cuireadh leabhar m'athar i gcló ar dtúis agus táimse ghá chur i gcló arís cheana féin do shliocht nua oilithreach a tháinig ón bPolainn ag lorg tearmainn san Iarthar taréis dóibh gleic chalma dhéanamh mar a dhein a n-aithreacha rómpa agus taréis don Eoraip iad do thréigean mar do thréig sí a n-aithreacha rómpa, leis.

Do foillsigheadh an chéad chló de *Leabhar na*

nOilithreach bPolannach díreach le linn *Mes prisons* do chur amach do Silvio Pellico agus níorbh fhada ina dhiaig do *Paroles d'un Croyant* ó láimh Lamennais. Siné fé ndéar do Maurice de Guérin a rádh: “An eol duit gur trílóg scanrúil i gcoinnibh an lucht úd na gcoróinn gurb ea *Leabhar na nOilithreach bPolannach*, agus *Prisons* Phellico, agus *Paroles d'un Croyant*: trí bhuille 'chleith i ndiadh a chéile ó dhaoine Caithlicidhe, ó dhaoine geannmaidhe, ó dhaoine beannuithe.” (Letreacha chun M. H. de La Morvonnais, Páras, 10 Bealtaine, 1838).

De bhárr *Leabhar an Náisiúin Pholannaig* agus na *nOilithreach bPolannach* do scrí, do saothruigheadh imeasc na bPolannach roinnt sár-oibreacha go bhfuil meanmna an leabhair sin ionta: *Le Message de la terre d'oppression aux frères exilés*, ó láimh Chasimir Brodzinski; agus *Aube*, ó láimh Sigismund Krasinski, dhá leabhar a bhí i bhfad gan ainm údair leo fé mar a bhí leabhar Adam Mickiewicz ar dtuais.

O tharla íde na Polainne do bheith dá bhagairt ar an uile náisiún, do réir dheallraimh, mara bhfaghaid siad de neart ionta féin pláig na tíorántachta do dhíbirt as an ndomhan, tá *Leabhar na nOilithreach* lán de theagosc don Eoraip go léir. Ní hiad na Polannaig amháin dféadfadh machtnamh a dhéanamh ar talamh iasachta ach daoine eile chó maith, go mór mór na hEireannaig, atá níos líonmhaire cheana féin ar an dtalamh iasachta ná ar thalamh na hEireann, agus fiú amháin a lán Francach a ruaigeadar Gearmáinig óna dteinteáin féin agus atá chó fada i gcéin le hAméricá agus le hAstraoile agus cumha orra i ndiaig a n-athardha.

Isé cúis gur leabhar don domhan go léir an leabhar so ná go n-iarrtar ar Dhia ann nea-spleáchas a thabhairt don uile chine chó maith le nea-spleáchas agus aondacht agus saoirse do thabhairt don Pholainn.

L. M.

29 Márta, 1881.

LEABHAR AN NAISIUIN

PHOLANNAIG

O THOSACH AN DOMHAIN GODI MARTRA AN
NAISIUIN PHOLANNAIG.

1. Ar dtúis do chreideadh daoine in aon Dia amháin agus do bhí an tsaoirse fé réim sa domhan. Ní raibh aon dlí acu ach dlí thoile Dé; agus ní raibh máistrí ná daoir ann: ní raibh ann ach árd-aithreacha agus a gclann.

2. Ach ar ball do shéan na daoine an t-aon Dia amháin agus do chumadar mórán íodhal dóibh féin agus d'adhradar iad: do dheinidís íbeartha fuilteacha chun na n-íodhal agus do throididís thar ceann onóra na n-íodhal.

3. Agus is uime sin do chuir Dia lucht na n-íodhal d'adhradh féin leattrom ba mhó, sé sin, an daoirse.

4. Agus do dhein daoir de leath na ndaoine agus do cuireadh fé smacht na coda eile iad, cé gur shliocht aon athar iad go léir. Oir do bhíodar taréis céad-cheap a sinsear do shéanadh agus aithreacha iolartha do cheapadh dhóibh féin: an duine seo á rádh gur ón dtalamh do shíolruigh sé, agus an duine úd gur ón muir do shíolruigh sé, agus duine eile gur ó dhúl éigin eile do shíolruigh sé.

5. Ansan, taréis daor a dhéanamh dá chéile tré chogadh, do thuitedar go léir i ndaoirse féin Impire Rómhánach.

6. Do dhein an tImpire Rómhánach Dia dhe féin

agus d'órduigh sé gan a bheith de dhlí sa domhan ach dlí a thoile féin : gach ní do mholfadh sé do bheith go maith agus gach ní do cháinfadh sé do bheith ina choir.

7. Agus do bhí lucht feallsamhnachta láimh leis agus iad ullamh ar a áiteamh ar chách gur mhaith an rud a dhein an tImpire nuair a dhein sé amhlaidh.

8. Mar sin ní raibh urraim ag Impire na Róimhe do ní ar bith thuas ná do ní ar bith thíos.

9. Agus do leath an daoirse ar fuaid an domhain go léir; agus ní raibh a lithéid de dhaoirse sa domhan roime sin ná riamh ó shin ach amháin sa Rúis inár n-aimsir féin.

10. Oir, imeasc na dTúrcach féin, ní foláir don tSultánach umhlú do dhlí Mhahmúda : níl cead aige an dlí sin do mhíniú do réir a thoile féin—táid sagairt Mhíslemeacha ann chuige sin.

11. Ach, sa Rúis, isé an tImpire ceann an chreidimh agus pé ní órduighean sé a chreidiúint ní foláir géilleadh don ní sin.

12. Agus do mhéaduig ar an ndaoirse ar fuaid an domhain agus do dhein daoirse chríochnuithe dhi : ní duibhe an doircheacht i lár na hoíche is sia sa mbliain ná an daoirse ba thruime in aimsir dhaorsmacht na Róimhe.

13. San am san do tháinig Iosa Criost, Mac Dé, ar an saol, ghá mhúine do dhaoine gur ina mbráithribh do rugadh iad agus gur chlann d'aon Dia amháin iad,

14. Agus gurb é is mó imeasc daoine ná an té dheinean fónamh dóibh agus a thugan a anam ar a son. Dá fheabhas a bheadh duine isea ba chóra dhó íbirt a dhéanamh de féin. Uime sin níorbh fholáir do Chríost, don té do bfearr ar bith, a chuid fola do thabhairt ar son na ndaoine sa pháis ba ghéar-dhólásaighe.

15. Is mar sin do mhúin Críost dúinn gan brí ar bith do dhéanamh d'eagna dhaoine, ná de chomhacht, ná de shaibhreas, ná de choróinn, ná de ní ar bith ach amháin d'ibirt a dhéanamh dínn féin chun leasa don chine daona.

16. Agus an té a thugan suas é féin ar son cách, gheo sé eagna agus comhacht, saibhreas agus coróinn, ar talamh agus ar neamh agus san uile áit.

17. Ach an té dheinean ibirt de chách dhó féin chun go mbeadh eagna agus comhacht agus saibhreas aige, ní bheidh aige ach baois agus dealbhas agus damnú ar talamh agus in ifríonn agus san uile áit.

18. Agus deir Críost sa deire : An té a leanfidh Mise slánófar é óir is *Mise an Fhírinne agus an Ceart*.

19. Agus nuair a bhí Críost ag múine na nithe sin do ghaibh scanradh na breitheamhain do bheireadh brethúntas in ainm Impire na Róimhe agus dubhradar : Do seriosamair an Ceart as aghaidh na talmhan agus seo chugainn tharnais arís é; marbhuighmís é agus cuirimís é.

20. Agus do chuireadar chun báis an té ba naofa agus ba nea-chiontaighe ar bith, agus do chuireadar sa tuama é agus do ghlaodar : Ní mhairean Fírinne ná Ceart ar an dtalamh feasta. Cé éireoidh chun Impire na Róimhe anois?

21. Ach ba chaint bhaoth an chaint sin acu, mar ní raibh fhios acu, nuair a dheineadar an choir sin thar corthaibh, gur líon sí tomhas a n-éagórtha dhóibh agus gur chuir sí a gcomhacht ar neamhní nuair ba mhó a n-áthas uimpe.

22. D'éirig Críost ó mharbhaibh agus do ruaig chun siúil roimis na himpirí agus do chuir an chros os cionn

a bpríomh-chathracha; agus thug na tiarnaí saoirse dá ndaoraibh agus d'admhuighdar gur bhráithre dhóibh féin iad; agus na ríthe do hungadh in ainm an Tiarna d'admhuighdar dlí Dé do bheith os a gcionn; agus dfill an Ceart ar an dtalamh arís.

23. Gach treabhchas daoine do ghlac an creideamh—Gearmáinig, Iodáilig, Francaig, Polannaig—d'admhuighdar go léir gurbh aon chine amháin iad agus do tugadh an Chríostuiacht mar ainm ar an gcine sin.

24. D'admhuig ríthe na gcineacha go léir gur bhráithre dá chéile iad agus do ghluaisidís féin aon chomhartha amháin, fé chomhartha na croise.

25. Do théidís na curáí uile ag comhrac le págánaig na hAise chun Críostuithe na hAise do chosaint orra agus chun tuama an tSlánathóra bhaint díobh.

26. Agus crosáid an ainm a tugadh ar an gcogadh san na hAise.

27. Agus, bíodh nách chun glóire do thuilleamh dóibh féin do throideadh na Críostuithe, ná fós chun talamh ná saibhreas do bhaint amach dóibh féin, ach chun na Tíre Beannuithe do shaoradh, thug Dia dhóibh, mar thuarastal as an gcogadh san glóire agus tíortha agus ollamhathas agus eagna. Agus tháinig glóire agus órdú agus saibhreas chun na hEorpa. Chuir Dia an rath uirri óir do dhein sí íbirt di féin ar mhaithe leis an gcomhursain.

28. Agus bhí an tsaoirse ag leathadh ar fuaid na hEorpa go righin réidh rialta gan stad: ó ríthibh anuas do tháinig sí godí na móruaisle, agus ar bheith saor dóibh sin do leigedar uatha chun na mionuasal í agus uatha san do tháinig sí chun na gcathrach; agus níorbh fhada go mbeadh sí chun na coitiantachta anuas agus

go mbeadh an Chríostuacht go léir saor agus na Críostuithe go léir ar aon dul le chéile mar bheadh bráithre.

29. Ach do loit na ríthe an uile ní.

30. Oir do chuadar in olcas; do chuaidh Sátan isteach ionta agus dubhradar ina n-aighe: Féach go bhfuilid na náisiúin ag teacht chun céille agus cúmpóird. Mairid siad chó macánta san nách féidir dúinn pionós do chur orra agus tá meirg ag teacht ar an gclaidheamh inár láimh; táid siad-san ag teacht chun saoirse agus tá ár gcomhacht-na ag dul i luighead; nuair a bheid siad éirithe suas agus saor ar fad beidh deire lenár gcomhacht.

31. Machtnamh baoth an machtnamh san acu, óir, más aithreacha dá náisiúnaibh na ríthe, nuair a neartuighid na náisiúin éirighid siad saor ó fhaire agus ó smacht ar nós na leanbh.

32. Ach mar sin féin, nuair a bhíd na haithreacha ina n-aithreachaibh fóna ní thréigid a gclann iad nuair a bhíd éirithe suas agus saor ar fad. Ní hea, ach dá shine iad na haithreacha isea is mó grádha agus urraim na clainne dhóibh.

33. Ach ba mhian leis na ríthe bheith ar nós na ndaoine bhfiain insna coillte, a ghabhan a gclann fé charbadaibh mar bheithíg iompair agus a dhíolan ina ndaoraibh le ceannuithibh iad.

34. Dubhradar na ríthe dá bhrí sin: Féachaimís chuige go mbeidh na náisiúin i gcomhnuí gan chiall, i dtreo ná haithneoid siad a gcomhacht féin; adhnaimís achrann eatorra i dtreo ná cuirfid siad le chéile inár gcoinnibh.

35. Ansan dubhradar lena gcuraibh: Cad a bhéar-

fadh chun na Tíre Beannuithe sibh agus a fhaid i gcéin atá sí? Nárbh fhearr dhaoibh bheith ag troid lena chéile? Agus siúd lucht feallsamhnachta ghá thespeaint dóibh gur bhaoth an obair dóibh troid a dhéanamh ar son an chredimh.

36. Agus taréis dóibh druim láimhe do thabhairt le Críost ar an gcuma san, do dhein na ríthe déthe nua, íodhail, dóibh féin, agus do chuireadar os comhair na náisiún iad. Agus dubhradar leis na náisiúin sléacht-adh dosna híodhail sin agus troid a dhéanamh ar a son.

37. Is mar sin a dhein na ríthe íodhal do mhuintir na Fraince agus do thugadar *onóir* mar ainm air, agus siné an t-íodhal dá ngairtí an ghamhain óir in aimsir na bpágánach.

38. Agus do chúm rí na Spáinne do mhuintir na Spáinne íodhal ar ar thug sé mar ainm *Mórtluime na Polaitíochta* nó *Comhacht Pholaiticeach*, sé sin le rádh neart agus forlamhas: agus ba chuma é nó Baal do mhuintir Asúiria, agus Dagon dosna Filistínig, agus Iúpiter dosna Rómhánaig.

39. Agus do chúm rí Shasana íodhal ar ar thug sé *Ceannus Mara* is *Ceannuiachta*; agus siné an t-íodhal dá ngairtí Mammon anallód.

40. Agus do mhuintir na Gearmáine do deineadh íodhal darb ainm *Brodsinn* nó rathúlacht; agus siné an t-íodhal dá ngairtí Moloch agus Cómus.

41. Agus d'umhluig na cineacha roimis na híodhailaibh.

42. Agus dubhairt rí na Fraince leis na Francaig: Eirighidh agus troididh ar son onóra.

43. Agus d'éirighdar agus bhíodar ag troid ar feadh chúig céad blian.

44. Agus dubhairt rí Shasana le muintir Shasana : Eirighidh agus deinidh cath ar son Mhammoin.

45. Agus d'éirighdar agus bhíodar ag comhrac ar feadh chúig céad blian. Agus do dhein gach náisiún eile comhrac ar son a n-íodhail féin ar an gcuma gcéadna.

46. Agus do dhearmhaid na náisiúin gurbh éinne amháin dob athir dóibh. Agus dubhairt an Sasanach : *Arthach* is athir domhsa agus *Gal* is máthir dom. Agus dubhairt an Francach : *Roinn na hEorpa* is athir domhsa agus *Margadh an Airgid* is máthir dom. Agus dubhairt an Gearmáineach : *Muileann* is athir domhsa agus *Tigh Tábhairne* is máthir dom.

47. Agus an mhuintir chéadna úd adeireadh gurbh obair gan chiall bheith ag troid ar son an chreidimh i gcoinnibh na bpágánach, siúd ag troid iad ar son blúire pápéir ar a dtugtar connradh; do throideadar mar gheall ar chaladh-phort, mar gheall ar chathir, fé mar a throidid daoine tuatha, le bataí, mar gheall ar theorantaibh, teoranta nách leo féin ach lena máistríbh.

48. Agus an mhuintir adeireadh gur leamh an obair dul i gcéin chun na comhursan do chosaint, do dheine-dar-san, le hórdú na ríthe, na faraigí do shiúl chun cogaidh a dhéanamh ar son muilinn, agus ar son builcín cadáis, agus ar son mála piobair. Agus, mar bharra donais, do dhíol na ríthe na daoine féin, ar airgead, i gcríochaibh thar lear.

49. Agus d'éirig na náisiúin chó cuirpthe sin ná raibh le fáil imeasc Gearmáineach ná Iodáileach, imeasc Francach ná Spáinneach, ach aon Chríostuidhe amháin, fear eagnaídhe agus curadh cródha, agus is i nGenóa do rugadh é sin.

50. Do chas an fear san le deire do chur le cogadh sa bhaile agus le tuama an Tiarna agus tír na hAise do ghabháil arís, mar bhí an tír sin ina fásach, geall leis, ach dféadfadh tír áluinn, lán de dhaoine, a dhéanamh di dá mbeadh sí ar seilbh ag Críostuithe. Ach do chrom gachéinne ar bheith ag gairí uime, ghá rádh gur speabhraoidí a bhí air agus gur ar éadtromacht a bhí sé.

51. Agus do ghluais an fear diadha san ina aonar chun an chogaidh; agus ó tharla gan cara gan saibhreas a bheith aige, ba mhian leis an tír a bheirean uaithi an tór dfáil amach ar dtúis agus saibhreas do tharrang aisti chun tuarastal airm do dhíol agus an Tír Bheannuithe do ghabháil arís. Ach nuair a cloiseadh é sin do liúig gachéinne : Ar buile atá sé.

52. Ach do chonaic Dia an intinn mhaith do bhí ar aigne aige agus do chuir Sé an rath air : agus do shrois sé Americá, tír d'iompuig chun bheith ina tír shaoirse agus ina Tír Bheannuithe. Críostóir Columbus ainm an fhir sin : agus do bhí sé ar an gcuradh deiridh de churasbh na croise san Eoraip, an curadh deiridh a chuaigh ar eachtra, ní har a shon féin ach ar son ainm Dé.

53. Ach bhí ag méadú i gcomhnuí ar an íodhal-adhradh san Eoraip. Agus díreach mar a dhein na Págánaig ar dtúis na sobhailcí d'adhradh i bhfuirm íodhal, agus ansan na dobhailcí, agus ansan daoine agus beithíg, agus ansan crainn agus clocha agus íomhána iolartha, is mar sin, leis, a deineadh san Eoraip é.

54. Dá chomhartha san, do cheapadar na hIodáilig dóibh féin íodhal ar ar thugadar *Có-throm Polaiticeach*.

Iodhal é sin, ámh, nárbh eol do phágánaig na sean-aimsire; ach na hIodáilig, an chéad aicme riamh do dhein é, do chuireadar adhradh an íodhail sin ar siúl ina measc féin agus, ag comhrac ar a shon dóibh, do lagadh agus do dalladh iad agus do thuitedar i gcomhachtaibh tíoránach.

55. Ansan, nuair a chonacadar ríthe na hEorpa go raibh adhradh an íodhail sin taréis an náisiúin Iodáilig do lagú, do thugadar isteach ina ríochtaibh féin é: do chuireadar adhradh an íodhail ar siúl agus d'órduighdar comhrac a dhéanamh thar a cheann;

56. I dtreo gur dhein rí na Prúise *fáinne* do tharrang agus go ndubhairt: Sin dia nua agaibh. Do sléachtadh don fháinne agus do tugadh *Críochnú an Fháinne** mar ainm ar adhradh an fháinne.

57. Agus na náisiúin do cruthuigheadh i gcosúlacht Dé, do hórduigheadh iad do mheas mar chloch charraige nó mharmaid agus iad do ghearradh i dtreo go mbeidis ar aon mheáchan le chéile. An Stát, an Athardha, na daoine, do hórduigheadh gan iad a mheas ach mar phíosa airgid a líomhfi chun é dhéanamh có-chruinn.

58. Agus bhí feallsúin le fáil chun gach a gceapadh na ríthe do mholadh.

59. Agus bhí beirt desna feallsúnaibh bréige sin, desna sagartaibh sin Bhaal agus Mholoch agus *Chóthruim*, beirt ba mhó clú ná an chuid eile.

* Arrondissement. Dar liom féin, isé brí atá leis ná tíortha, nó coda de thíortha, do chur leis an bPrúis féin chun gach bearna i dteorainn na Prúise (nó i gcomhacht na Prúise) do dhúnadh, fé mar a dheinid lucht estáití móra in Eirinn páire anso agus páire ansúd do cheannach chun na n-estáití do chríochnú.—L. O R.

60. *Machiavel* ab ainm do dhuine acu, focal Gréigise a chialluighean *sanntach chun cogaidh*; óir do bhros-tuigheadh a theagosc chun síor-chogaidh, fé mar a bhíodh imeasc págánach na Gréige.

61. Agus an tarna duine, tá seisean ina bheathidh fós agus *Ancillon* is ainm dó, ainm a chialluighean sa Laidin *mac an daoir*, óir seolan a theagosc chun daoirse, mar an ndaoirse úd na Rómhánach.

62. Tháinig san Eoraip íodhal-adharthach sa deire triúr rialtóirí; *an dara Frederic*, rí na Prúise, an chéad duine acu; *an dara Caitríona*, ban-impire na Rúise, an dara duine; *Máire Threasa* na hAustria an treas duine.

63. B'é sin an Tríonóid Shátanda, contrárdha na Tríonóide ró-naofa, agus is mar mhagadh féna bhfuil ann de nithibh naofa, agus mar thuathú orra, do ceapadh an tríonóid sin.

64. *Frederic*, 'na gcialluighean a ainm Síochánta, ar chogaibh agus ar fhoghlaibh do mhair sé i gcaitheamh a shaoil go léir; dáltha Shátain a bhí ag síor-shéideadh cogaidh agus a thugadh Críost, Dia na Síochána, mar ainm air féin chun magaidh.

65. Agus an *Frederic* seo, mar mhagadh fé shean-órdaibh na gcuráí, do chuir sé órd malluithe ar bun agus do thug sé mar fhocal suaitheantais don órd san, chun magaidh, an focal *suum cuique*, sé sin le rádh: do chách a chuid féin; ach, fé shuaitheantas an úird sin, do bhíodh a chuid seirbhíseach ag déanamh slaid agus foghla ar chuid an fhir thall.

66. Agus, mar mhagadh fén eagna, do scríbh sé leabhar agus do thug mar ainm air *Anti-Machiavel*, nó, in aghaidh Mhachiavel; ach do dheineadh sé féin beart do réir teagaisc Mhachiavel.

67. Caitriona, *geanmnaidhe* a bhrí sin sa Ghréigis; ach b'í siúd an bhean ba mhí-gheanmnaidhe ar bith; agus ba chuma an ainm sin do thabhairt uirri nó maighdean gheanmnaidhe do thabhairt ar Vénus gan náire.

68. Agus do ghairm an Caitriona san comhairle le chéile chun reacht do dhéanamh, mar mhagadh fé reachtaibh do cheart-órdú, óir do mhill sí agus do chuir sí ar neamh-ní reachta an fhir thall.

69. Agus dfógair sí go mbeadh saoirse chredimh ar a comaraighe féin feasta, sé sin, foidhne chách le credeamh cách, agus is mar mhagadh féin ní sin do dhein sí amhlaidh mar do chuir sí fhiachaint ar na mílte míle duine a gcredeamh do thrégean.

70. Mar mhagadh féin umhluiacht agus féin naofacht, do choimeád *Máire Threasa* an ainm a bhí ar mháthir ró-umhal ró-gheanmnaidhe an tSlánathóra.

71. Oir ba bhandiabhal uaibhreach í agus do dheineadh sí cogadh chun cuid an fhir thall dfuadach.

72. Agus ba bhean mhí-chráifeach í óir, ag déanamh úrnuithe agus faoistine féin di, do thug sí chun daoirse na mílte míle dá comhursanaibh.

73. Bhí mac di gurbh ainm dó Seosamh, ainm an árdahar úd nár leig do mhnaoi Phutipphar é mhealladh agus a thug saor ó bhraighdineas a dhritháireacha do dhíol i mbraighdineas roime sin é.

74. Ach an Seosamh Austrianach so, do chuir sé a mháthir féin ar a haimhleas, agus a bhráithre Polanacha, dfuasail a impireacht a daoirse na dTúrcach roime sin, do dhein sé daor-chlann díobh.

75. Trí dhiamhasla ainmneacha an triúir sin, *Fréderic*, *Caitriona*, *Máire Threasa*; trí cortha a mbeatha; trí eascaine a gcuimhne.

76. Nuair a chonaic an trionóid sin ná raibh na náisiúin dall a ndóthin ná truaillithe a ndóthin, do chumadar íodhal nua, an t-íodhal ba ghráinniúla dá raibh riamh ann, agus thugadar *Tairbhe* mar ainm air ; agus ní raibh aithne ar bith ar an íodhal san in aimsir na bpágánach.

77. Agus bhíodar na náisiúin cho cailte sin ná raibh le fáil ina measc ach éinne amháin a bhí ina dheigh-mhac dá athardha agus ina dhea-laoch.

78. Do chomhairligh seisean gan cogadh dhéanamh ar son *Tairbhe* feasta ach, ina ionad san, saoirse na comhursan do chosaint ; agus do ghluais sé ina aonar chun an chogaidh, go tír na saoirse, go hAméricá. Lafayette ab ainm don fhear san. Agus bhí sé ar an nduine deiridh de dhaoine sean-aimseardha na hEorpa, na daoine go raibh ionta fós an sprid úd chun íbeartha dhéanamh díobh féin, iarsma den sprid Chríostuidhe.

79. Ach do shléachtadar na náisiúin uile don íodhal úd *Tairbhe*. Agus dubhradar na ríthe : Má chuirimid adhradh an íohail seo ar siúl san uile áit, éireoidh cathir in aghaidh cathrach agus duine in aghaidh duine díreach mar éirighean cine in aghaidh cine fé láthir.

80. Agus déanfidh daoine fiaine desna daoine arís agus beidh forlamhas againn arís fé mar a bhí ag na ríthe fiaine íodhal-adharthacha anallód agus fé mar atá anois ag na ríthe úd gur féidir dóibh a ndaoine d'ithe.

81. An náisiún Polannach an t-aon náisiún amháin nár umhluig don íodhal nua : agus ní raibh aon ainm ina gcaint a thabharfaidís air ná fós aon ainm ar luocht an íodhail d'adhradh, ar a dtugtar sa bhFraincis *égoïstes*.

82. Agus do lean na Polannaig ag adhradh Dé, mar

bhí's acu, an té adhran Dia, go dtugan sé omós don mhaith.

83. Is mar sin dfan an náisiún Polannach dílis do Dhia a sinsear ó thúis deire.

84. Ríthe agus laochra na Polainne, níor thugadar fogha fé náisiún Chríostuidhe riamh, ach do chosnaidís an Chríostuiacht ar pháganachaibh agus ar bharbarach-aibh do thugadh leo an daoirse.

85. Agus do chuadar ríthe na Polainne i gcéin ag cosaint na Críostuiachta, Ladaslás go Varna, agus Seán go Vienna, chun an taobh thoir agus an taobh thiar do shaoradh.

86. Riamh níor ghabhdar ríthe ná laochra na Polainne seilbh ar éigin i dtailtibh a gcomhursan ; ach do ghabhdar cineacha chúcha mar bhráithre ghá gceangal leo tré chredeamh agus saoirse do bhronnadh orra.

87. Agus thug Dia luacht saothair dóibh : óir do cheangail pobal mór uasal, muintir na Lituáine, leo, mar a cheanglóch céile lena mhnaoi, dhá anam in aon chorp amháin. Agus ní raibh riamh roime sin a lithéid de cheangal idir dhá phobal, ach beidh sa deire.

88. Oir an ceangal so, an pósa so na Lituáine leis an bPolainn, is samhaileas é don aondacht a bheidh idir na puibleacha Críostuidhe fós in ainm an chredimh agus na saoirse.

89. Agus thug Dia dá ghrásaibh do ríthibh na Polainne agus do laochra na saoirse go dtugadar go léir bráithre ar a chéile, ar bhocht agus ar shaibhir díobh. Agus ní raibh a lithéid de shaoirse ann riamh roime sin ach beidh fós san am atá le teacht.

90. Agus bhí ní ba mhó in aghaidh an lae dfearaibh an domhain ag an rí agus ag an laochra dá

ghlacadh chúca i gcóimbráithreachas. Bhíodar acu dá ghlacadh chúca ina léigiónaibh agus ina dtreabhaibh iomlána. D'eirig na bráithre sin cho líonmhar leis an náisiún; agus ní raibh ag náisiún ar bith saorchlann chó líonmhar, agus "bráithre" acu dá thabhairt orra féin, agus a bhí ag an bPólainn.

91. Fé dheire (*an 3adh lá de Bhealtaine*), do mheas an rí agus an laochra cóimbráithre do dhéanamh de mhuintir na Pólainne uile; de mhuintir na gcathrach ar dtúis agus ansan de mhuintir na tuatha.

92. Agus tugadh bráithre *Szlachta* ar an muintir do *lachuigheadh*, sé sin le rádh, ar an muintir gur dhein bráithre dosna Lechaibh díobh, daoine saora có-ionanna.

93. Ba mhian leo go ndéanfí gach Críostuidhe sa Pholainn d'uaisliú agus *Szlachcic* do ghairm de, mar chomhartha nárbh fholáir dó an anam uasal a bheith ann agus bheith ullamh i gcomhnuí ar thuitim thar ceann na saoirse,

94. Díreach mar a goirtí Críostuidhe den té do ghlacadh an Soiscéal, mar chomhartha ar a bheith ullamh ar a chuid fola do dhortadh ar son Chríost.

95. Bhí an uaisleacht le bheith mar bhaiste ar an Saoirse an uair sin, agus pé duine bhí ullamh ar thuitim thar ceann na Saoirse, bheadh sé baistithe ó dhlí agus ó chladheamh.

96. Agus dubhairt an Pholann fé dheire: An mhuintir a thiocfadh chugam beid siad saor agus có-ionann, óir is mise an tSaoirse.

97. Ach nuair airighdar na ríthe é sin tháinig eagla ar a gcroidhe agus dubhradar: Do scriosamair an tSaoirse den talamh agus seo chugainn tharnais arís

í, i bpearsain Náisiúin fhíoraonta ná sléachtan dár n-íodhalaibh. Téanaimís agus marbhuighmís an Náisiúin so. Agus do bheartuighdar an feall eatorra.

98. Do dhruid rí na Prúise leis an Náisiúin Polannach agus d'umhluig agus do bheannuig di, ghá rádh: A chara liom. Ach bhí sí díolta aige cheana féin ar thríochad baile den Pholainn Mhóir, fé mar a bhí déanta ag Iúdás ar thríochad píosa airgid.

99. Agus do rug an bheirt eile greim ar an Náisiúin Polannach agus do cheangladar í; agus bhí an Francach ina bhretheamh acu agus thug sé a bhreith: Go deimhin féin, ní bhfaighim aon choir sa Náisiúin so; mo bhean chéile, an Fhrainc, bean imeaglach, tá sí céasta ag droch-aislingibh; mar sin féin, beiridh greim ar an Náisiúin so agus cuiridh chun báis í. Agus do nig sé a lámha.

100. Dubhairt an ministir Francach: Ní féidir dúinne ár gcuid fola agus ár gcuid airgid a thabhairt chun na nea-chiontaighe seo dfuascailt; óir is liomsa mo chuid fola agus mo chuid airgid, agus is lem thír fuil agus airgead mo thíre.

101. Is amhlaidh sin a dhein an ministir sin an diamhasla deirineach in aghaidh Chríost; óir do mhúineadh Críost gur leis an gcine daona go léir, lena bhráithribh féin, fuil Mhic an Duine.

102. Agus nuair adubhairt an ministir an focal san, do thuitedar na crosa de thúraibh na príomh-chathrach anuas; óir, cheana féin, níorbh fhéidir do Chríost an pobal do ghlac *Tairbhe* chúcha mar íodhal do shoillsiú a thuille.

103. Casimir Périer ab ainm don mhinistir sin, .i. réamh-ainm Shlábhach agus sloinne Laidne. On dá fhocal *Kazic* agus *mir* a réamh-ainm, sé sin le rádh,

fear na síochána do thruailliú nó do mhilleadh. Agus a shloinne, ón bhfocal *perire*, cialluighean sé an té fé ndear díthú nó an mac mallachtain. Agus isiad ainm agus sloinne Antichríost an ainm agus an sloinne sin. Agus beidh seisean malluithe mar a chéile sa chine Shlábhach agus sa chine Laidneach.

104. Agus do réab an fear san ceangal na bpuibleacha mar a dhein on t-árdshagart Iúdach a bhrat do réabadh nuair a chuala sé guth Chríost.

105. Is amhlaidh sin a chuireadar an Náisiún Polannach chun báis agus a chuireadar sa tuama í agus do ghlaoidh na ríthe: Tá an tSaoirse curtha chun báis agus adhlactha againn.

106. Ach ba bhaoth an glaoch acu é; óir, ag déanamh na coire deiridh sin dóibh, bhí tomhas a gcorta acu á líonadh, agus nuair a bhíodar ag déanamh áthis uimpi bhí deire á chur lena gcomhacht.

107. Oir níl an Náisiún Polannach marbh: tá a corp ina luighe sa tuama; ach tá a hanam imithe síos d'uachtar na talmhan, sé sin le rádh, ón saol poblidhe go Limbo, sé sin, godí gnáth-shaol na bpuibleacha atá ag fulang na daoirse ina dtír féin, ionnus go mbe sí ina fínné ar a bhfuil acu dá fhulang.

108. Ach fillfidh an t-anam ar an gcorp an treas lá: aiséireoidh an Náisiún, agus fuasclo sí a' daoirse puibleacha uile na hEorpa.

109. Agus tá dhá lá imithe cheana féin: do chríocnuig an chéad lá ar chéad-ghabháil Bharsá; agus an tarna lá ar ath-ghabháil Bharsá; agus tiocfidh an treas lá, agus ní bheidh deire leis choíche.

110. Agus fé mar a stad na híbeartha fola ar fuaid an domhain go léir nuair aiséirig Críost, sin mar a stadfid na cogal ar fuaid na Críostuachta nuair aiséireoidh an Náisiún Polannach.

LEABHAR NA NOILITHREACH

B POLANNACH

1. Anam an náisiúin Pholannaig, isiad na hOilithrig Pholannacha an t-anam san.

2. Agus gach Polannach ar oilithreacht, ní fánuidhe é, óir is duine ar seachrán agus duine gan aidhm gach fánuidhe.

3. Ná ní díbearthach é, óir is duine an díbearthach a díbreadh le hórdú giúistís; ach an Polannach, níor dhíbir a ghiúistís féin riamh é.

4. Agus fós is duine gan ainm an Polannach ar oilithreacht, ach tabharfar ainm air san am atá chugainn, dálda lucht Chríost d'admháil, nár tugadh a n-ainm orra go ceann tamall aimsire.

5. Ach idir dhá linn tugtar oilithreach mar ainm ar an bPolannach, mar gur thug sé a mhóid dul ag triall ar an dTír Bheannuithe, ar an saor-athardha: thug sé an leabhar gan stad dá shiúltaibh choíche go mbainfadh sé amach í.

6. Ach ní dia, dáltha Chríost, an náisiún Polannach: fágan san gur féidir d'anam na Polainne bheith ar fán i Limbó agus moill do dhéanamh gan filleadh ar an gcorp, gan éirge ó mharbhaibh.

7. Léimis arís mar sin Soiscéal Chríost;

8. Agus na ceachta agus na soluídí seo do chruinnig oilithreach Críostuidhe ó bhéalaibh daoine agus ó scríbhinnibh Polannach gCríostuidhe, idir mhartair agus oilithrig.

I.

1. Bhí áirthaighe móra cogaidh agus aon bhád beag amháin iascaireachta amuich ar an bhfaraige tráth agus aimsear gharbh an fhomhair ann; ina lithéid sin d'aimsir dá mhéid í an t-árthach isea is sábhálta dhi agus dá luighead í an t-árthach isea is mó is baol di.

2. Mar sin de, na daoine bhí ar an dtráig bhíodar ghá rádh : aoibhinn don mhuintir a chuaidh ar bórd na n-árthach mór! Mairg dóibh siúd, ámh, atá i mbád na n-iascairí ina lithéid d'aimsir.

3. Ach na daoine bhí ar an dtráig ní fheacadar in aon chor go raibh lucht na n-árthach mór ar meisce agus go raibh stailc curtha suas acu, agus, na húirlisí lena mbreathnuigheadh an píolóid ar na réaltaibh, go rabhdar briste acu, agus go raibh snáthad an chompáis millte acu. Agus dá bhrí sin dféach na háirthaighe móra dhóibh bheith chó láidir agus bhíodar riamh.

4. Ach ó tharla nár bhéidir na réalta ar an spéir d'aithint ó chéile agus toisc snáthad an chompáis a bheith ar iarraidh, do chuaidh na háirthaighe móra amú agus do sloigeadh fén bhfaraige iad.

5. Agus bád na n-iascairí, a bhí dhá stiúrú do réir na spéire agus na snáthide, ní dheaghaidh sí amú in aon chor; agus do shrois sí an tráig; agus cé gur briseadh ansan í tháinig a fuireann slán agus do rugadar leo a n-úirlisí agus a snáthad. Agus do dheisighdar a mbád arís.

6. Agus do tuigeadh, cé gur mhaith iad taibhse agus neart na n-árthach mór, gur neamhní taibhse agus neart gan réalt gan compás.

7. Réalt eolais na n-oilithreach, ámh, isé an cred-

eamh é; agus a snáthad eolais, isé a ngrádh don athardha é.

8. Soillsighean an réalt don uile dhuine agus bien an tsnáthad ó thuaidh i gcomhnuí. Agus dá bhrí sin is féidir don bhád seoladh soir nó seoladh siar agus an tsnáthad san aici, ach in éamuis na snáthaide sin ragha sí amú ar faraigíbh an taoibh thuaidh féin agus brisfar í.

9. Mar sin tiocfidh bád na nOilithreach i gcuan agus i gcaladh-phort agus credeamh agus grádh dá stiúrú; ach in éamuis an chredimh agus na carthanachta, na puibleacha atá comhachtach agus tugtha don choga, raghaid siad amú agus brúfar iad. Agus an méid díobh a bhéarfidh a n-anam leo ní chuirfid siad an t-árthach i dtreo arís.

II.

1. Cad fá gur don náisiún so agaibhse tugadh oighreacht na saoirse atá le teacht ar an ndomhan?

2. An té go mbíon mórán daoine muinteartha aige, is eol daoibh ná ch ag an té is treise orra fhágann sé a oighreacht ná fós ag an té is dícheallaighe ná ag an té is mó eolas ar bhiathaibh deigh-bhiasta agus ar fhiontaibh sainiúla,

3. Ach ag an té is mó grádh dhó agus fhanan aige nuair a bhíon an chuid eile ag rith i ndiaig airgid agus aoibhneasa agus sógha.

4. Agus sin é cúis 'nar fágadh oighreacht na saoirse ag bhur náisiún-sa.

5. Cad fá mar sin gur don náisiún so agaibhse a tugadh go bhféadfadh sí éirghe ó mharbhaibh?

6. Ní mar gheall ar bhur náisiún a bheith comhach-

tach é mar bhí na Rómhánaig comhachtach agus táid siad marbh agus ní eireoid siad arís.

7. Ní mar gheall ar bhúr républic a bheith ársa agus mórchluil é mar bhí Bhenis agus Genóa nfb ársa agus nfb aoirde clú, agus do hísligheadh iad agus níl i ndán dóibh aiséirghe.

8. Ní mar gheall ar eagna agus ar fhoghluim bhur náisiúin é, óir, an Ghréag, máthir na bhfeallsamh, d'éag sí agus dfau sí ina luighe sa tuama go raibh a léann go léir dearmhadtha aici agus nuair a dhein náisiún simplí arís di, siúd ag tosnú ar bheith ag corruighe arís í.

9. Agus bhí foghluim agus eagna, leis, ag ríocht na hIarpháile agus ag ríocht na hIodáile agus ag ríocht na Tíre-fó-thuinn, a chonacúir féin ag teacht ar an saol agus ag dul chun báis agus ná heireoidh arís.

10. Ach sibhse, tógfar as an dtuama sibh, óir mair-ean creideamh agus grádh in bhur geoidhe agus táthaoi lán de dhóchas.

11. Is eol daoibh gurbh é Lasarus an chéad mharbh a tharaing Críost as an dtuama.

12. Ní rí féinne ná saoi ná ceannuidhe a tharaing Críost as an dtuama, ach Lasarus.

13. Agus deir an Scríbhinn Diadha go raibh grádh ag Críost dó agus gurb é an t-éinne amháin ar ar ghuil Críost é. Agus cé, mar sin, atá ina Lasarus imeasc na náisiún fé láthair?

III.

1. A oilithrig Pholannaig, do bhís saibhir tráth, agus seo ag fulang dealbhais agus anróidh anois tú, ionnus go mbeadh 's agat cad a bhaineann le dealbhas agus le hanródh, agus tareis filleadh chun do thíre

dhuit go n-abrófá : Lucht dealbhais agus lucht anróidh is comhoighrí liom.

2. A oilithrig, ba leatsa dlithe dhéanamh agus bhí ceart agat chun na coróinne, agus féach go bhfuilir anois ar thalamh an stróinséir gan dlí agat, ionnus gurbh eol duit cadé an rud tu bheith gan cheart agus, taréis teacht tharnais chun do thíre, go ndéanfá an reacht so : Lucht coigríche is comhreachtaírlí liom.

3. A oilithrig, do bhís foghlumanta, agus féach gach léann dar fhoghlumuighis, nách aon tairbhe dhuit é, agus an léann ba bheag agat tráth, taoi ghá·fhoghlaim anois ionnus go dtuigfá cad é an rud gliocas an tsaoil seo agus, taréis teacht abhaile dhuit, go n-abrófá : Dzoine simplí is có-dheisciobail liom.

IV.

1. Ná loirg díon ar phriúnsaíbh ná ar lucht rialtais ná ar ollamhnaíbh coigríche. In am an anaithe, nuair a thagaid na scamail lán de thóirthnig, is mairg a raghadh ar scáth na ndarach n-árd nó a lingfadh amach i lár an duibheagáin.

2. Siad priúnsaí agus rialtóirí an tsaoil seo na crainn ársa daraighe agus isé gliocas an tsaoil seo an duibheagán.

3. Ná meas go bhfuil an chomhacht go hólce inti féin ná go bhfuil an léann go hólce ann féin. Nílid, go deimhin, ach is amhlaidh d'iompuiġ daoine chun uile iad.

4. Go deimhin, le fírinne, isé rud comhacht do réir Chríost ná an chros ar a leigean an duine fóna é féin do tharnáil agus martar a dhéanamh de chun leasa do dhaoine eile.

5. Uime sin deintí na ríthe d'ungadh ar nós na

sagart, ionnus go ndoirtfí orra na grásta ba riachtanach chun íbeartha. Agus tugtaí seirbhíseach na seirbhíseach ar fhear ionaid Chríost.

6. Agus an léann, do réir Chríost, ba chóir gurb é briathar Dé, arán agus tobar na beatha, é. Dubhairt Críost: Ní har arán amháin a mhaireann an duine ach ar an uile fhocal dá dtagan ó bhéal Dé.

7. Agus faid a bhí san mar sin bhí meas ar an léann agus ar an gcomhacht. Ach ar ball do shleamhnúig droch-dhaoine isteach i gcomhacht mar shleamhnóidís isteach ar leabaidh chlúimh chun collata. Agus ní dheinidís oifig phoiblí do mheas ach mar thigh tábhairne, do réir a shochair.

8. Agus na daoine foghlumanta, in ionad an aráin, is nimh a roinnidís, agus ba chosúil a nglór le fothram na muileann bhfolamh, gan cruithneacht an chreidimh ionta agus a bhfothram aca á dhéanamh gan éinne do chothú.

9. Agus do dhein díbhse cloch dhearbhuithe do phriúnsaibh agus d'ollamhnaibh an tsaoil seo; óir, ar bhur n-oilithreach daoibh, ná ch mó an chabhair a fuarúir ó lucht déirce ná ó phriúnsaibh. Agus i gcólan-naibh agus i bprísúnaibh agus in anródh dhaoibh, nár bhfoláine dhaoibh aon phaidir amháin ná léann Voltaire agus Hegel, ná fuil ann ach nimh, agus ná léann Ghuizot agus Chousin, ná fuil ionta ach mar bheadh muilinn fholmha?

10. Agus siné cúis 'nar thuit léann agus comhacht fé mhí-mheas; oir, san Eoraip, dar le daoine is ministir ceart an droch-dhuine, sé sin, fear den rialtas; agus dochtrainéir isea an t-amadán, sé sin, sophistés.

11. Mar sin a bhí, leis, nuair a tháinig Críost. An

puibliocánach, .i. oifigeach Romhánach, ba chuma é nó gaduidhe; agus an próconsul, .i. rialtóir, ba chuma é no fear a chuirfadh cáin ró-throm ar na daoine; agus an Fairisíneach, .i. fear a bheadh foghlumanta insna Scriptiúiribh, ba chuma é nó feallaire; agus sofistés, nó ollamh Gréagach, ba chuma é nó rógaire. Agus tá brí tarcuisneach leis na foclaibh sin godí an lá aniu.

12. Agus taréis teacht daoibhse, leis, beidh brí tarcuisneach ag an gCríostuiacht leis an bhfocal *rí*, agus leis an bhfocal *tiarna*, agus leis an bhfocal *comhairleach rí*; leis an bhfocal *ministir* agus leis an bhfocal *ollamh*.

13. Do glaothadh sibhse chun comhachta agus léinn do chur fé mheas arís in bhur ndúthig féin agus ar fuaid na Críostuiachta.

14. Go deimhin, an lucht is sáimhe suan ina ndignitibh agus a dheinean saibhreas dóibh féin as a n-oifigibh, ní hiad san is taoisig oraibh;

15. ach iad súd is mó cúram agus is lú chodlan, iad súd is mó céastar agus is mó go ndéantar magadh fútha, iad súd do chaith uatha ollamhathas agus dúth-aighe fairseanga. Agus an duine dhíbh a thuitean i gcomhachtaibh bhur namhad, fuilingean sé martra agus céasadh.

16. I dtíorthaibh eile, nuair a thagan an namhaid agus atharuighean sé an rialtas, lomtar na daoine agus téid siad ar neamhní; ach claid na hoifigeacha lena n-oifigibh i gcomhnuí agus leanaid na hollomhain ag aighneas: deinid siad fónamh do gach rialtas mar a chéile, agus díoltar iad ó gach rialtas mar a chéile.

17. Agus sibhse, is eol daoibh, na daoine bfearr imeasc bhur lucht seanaid agus bhur dteachtairí agus

bhur ríthe féinne, gurb iad san na cuirpthe is mó, do réir fógra Impire na Rúise, agus na daoine is cuirpthe do réir fógra an Impire, isiad is mó 'na bhfuil urraim ag dul dóibh, agus na daoine fhuilingeoidh martra uaidh beid siad ina naomhaibh.

18. Agus an lucht a chruinnig saibhreas dóibh féin as a gcuid foghluma do dhíol agus do mhéaduig ollamh-athas agus tithe dhóibh féin agus do bhuaidh ór dóibh féin agus fabhar na ríthe, ní hiad san is lucht eagra in bhur measc,

19. ach iad súd dfógair go hárdbriathar na saoirse agus dfuiling prísún agus buillí; agus an mhuintir is mó dfuiling, is iad is mó 'na bhfuil urraim ag dul dóibh, agus an lucht a chuirfidh séala ar a dteagosc lena mbás beid siad 'na naomhaibh.

20. Go deimhin, adeirim libh, caithfidh an Eoraip uile a fhoghlaim uaibhse cé air go dtabharfidís eagnaíde. Oir rud náireach isea comhacht san Eoraip aniu agus baois isea léann na hEorpa.

21. Agus má deir éinne agaibh: Is oílithrig gan airm sinn, conus is féidir dúinn órdú na stát mór gcomhachtach d'atharú?

22. An té labhran mar sin breithnigheadh sé conus mar a bhí an impireacht Rómhánach cho leathan-fhair-sing leis an ndomhan, agus mar a bhí Impire na Róimhe cho comhachtach leis na ríthibh go déir in éineacht.

23. Agus féach nár sheol Críost ina choinnibh ach dáréag fear simplí; ach ó bhí an spioraid naomh ionta, an spioraid chun íbeartha dhéanamh díobh féin, do rugadar bua ar an impire.

24. Agus má deir éinne agaibh: Saighdiúirí sinne

agus daoine gan eolas, conus fhéadfimidne ollamhain na geríoch is mó foghlúim agus is aoirde nós do chur ina dtost?

25. An té labhran an chaint sin breithnigheadh sé conus mar ab iad ollamhain chathair na hAithne ba mhó cáil agus ba mhó foghlúim agus ab aoirde nós : ach do claidheadh le briathar na n-asbail iad; óir, nuair a thosnuighdar na hasbail ar bheith ag teagosc in ainm Dé agus na Saoirse, do thréig na daoine na hollamhain agus do leanadar na hasbail.

V.

1. Ní haon uair amháin adubhradh libh go raibh sibh i lár na náisiún sibhialta agus nár mhór daoibh sibhialtacht dfoghlúim uatha, ach blódh fhios agaibh, na daoine labhran libh i dtaobh sibhialtacht, ná tuigid féin cad a bhíon aca á rádh.

2. O phréimh Laidne, .i. *civis*, .i. cathrathóir, an focal sibhialtacht (*civilisation*), agus cialluian sé cathrachas (*civisme*) (.i. grádh don chathair nó don áthardha). Tugtí cathrathóir ar an té dheineadh fírt de féin ar son a tíre, mar a dhein Scévola, agus Curtius agus Décus agus tugtí cathrachas ar a lithéid sin d'fírt.

3. Ba shobhailce ag págánachaibh an ní sin ach ná raibh sí chó hárd de shobhailce leis an sobhailce Chríostuidhe a órduighean fírt a dhéanamh de dhuine féin ní shamháin ar son na hathardha ach ar son na cine daona go léir; ach ar aon chuma ba shobhailce í.

4. Ach le himeacht aimsire, sa mheascadh teangthacha do lean adhradh na n-íodhal, tugadh sibhialtacht ar gach faisean dá nuacht in éadaibh áille agus ar bhiathibh sobhlasta agus ar thithibh ósta compór-

dacha agus ar amharclannaibh greanta agus ar bhóithribh móra leathana.

5. Agus dá dtagadh an págánach Rómhánach féin, ní áirighim an Críostuidhe, amach as an dtuama agus go bhfeicfadh sé iad súd a thugan daoine síbhialta orra féin, do thiocfadh fearg air agus dfiarfóch sé dhíobh go tur cadé an t-éileamh atá aca ar theidiol a ghluais ón bhfocal *civis*, .i. cathrathóir.

6. Ná bíodh meas chó mór agaibh, dá bhrí sin, ar na náisiúin atá dhá n-at le saibhreas saolta agus atá críochnúil, dea-órduithe.

7. Oir, más ar an náisiún saibhir, atá ró-thugtha do bheith ag ithe agus ag ól, is cóir díbh an meas is mó bheith agaibh, bíodh an meas is mó agaibh ar na daoine is compórdaighe agus is beathithe in bhur measc. Feuch, táid na tréithe sin insna hainmhithe, leis; ach ní leor don duine iad.

8. Agus má 'siad na náisiúin chríochnúla is fearr, is críochnúla na seangáin ná aon dream daoine; ach ní leor don duine bheith críochnúil.

9. Má táid na náisiúin dea-órduithe gan locht, cé is fearr órdú ná na beacha; ach ní leor san don duine.

10. Oir, an tsíbhialacht is oiriúnaighe don duine ba chóir gur shíbhialacht Chríostuidhe gurbh ea í.

11. Bhí fear ann tráth agus clann mhac aige agus do thóg sé an chlann san le cráifeacht agus le sobhailceas sa bháile; ar éigin a bhí blianta a naoidhandachta caitte aca nuair a chuir sé an chuid ba shine dhíobh ar árdscóil.

12. Bhíodar chó maith san agus chó dícheallach san go dtáinig meas ag gachéinne orra. Bhíodar ag dul ar aghaidh agus ag cur díobh in eolas fé shúilibh cách

13. Nuair a chonacadar go raibh gachéinní ag éirghe leo do rug an t-uabhar greim orra agus dubhradar: Tá meas ag daoine orainn agus a chúis aca, mar táimídne níos foghlumanta ná a lán aca; ba chóir, dá bhrí sin, go mbeadh aoidheacht agus eudaighe níos fearr againne ná ag daoine eile agus go mbeadh aoibhneas agus pléisiur an tsaoil againn.

14. Ach toisc ná cuireadh an t-athir ag triall orra oiread airgid agus ba mhaith leo, mar ní bhfaghdís uaidh ach riar a gcáis de gan éinní i gcóir costaisí neaghátaracha do chuireadar suas de bheith ag scríobhadh chuige, agus do bhriseadar leis, agus bhíodar ad iarraidh airgid a sholáthar, go macánta ar dtúis, agus ansan le hiasachtaí i ngeall ar a n-oighreach, agus fuaradar úsaire thugadh iasachtaí dhóibh go fial, ag brath air go mbeadh a gcuid go léir aige sa deire thiar. agus a shúil lena gcreach. Ar ball, ámh, bhíodar go dubhach agus go mí-shuaimhneasach agus do mheasadar sólas do chur ar a gcroidhe le meisce agus le ragairne; agus dubhradar leo féin: D'innis ár n-athir dúinn roim ré cadé an t-aimhleas a dheinean meisce agus ragairne, ach táimíd éirithe suas anois agus is féidir dúinn féin ár ngnó féin do dhéanamh; tugaimís fé shólás a thabhairt dúinn féin le hól agus le pléisiúr ach cuirimis teora leis, mar is cóir do dhaoine ciallmhara.

15. Ach níorbh fhada go ndeaghadar thar gach teorainn agus gur dhein meisceoirí críochnuithe agus lucht póit díobh, agus gur iompuighdar ina mbithúnachaibh chun airgid a sholáthar. Ar an dtaobh eile dhe, bhí an t-úsaire taréis barántas cúirte dfáil ina gcoinnibh

agus greim do bhreith ar a n-oighreacht cheana féin agus ní thabharfadh sé a thuille dhoibh.

16. Ní raibh i ndán dóibh feasta ach an aindise. Nuair a fuair an t-athir eolas ar a n-imeachtaibh do chuir sé ó oighreacht iad, agus tugadh i ngeall don úsaire iad. Ag obair sa phrísún dóibh, do chuimhnigh-dar ar chomhairle a n-athar, agus dubhradar ina aigne: Farlor! nár éisteamair leis! Ach ó bhíodar lán d'uabhar, níor mhaith leo scríobadh chuige agus mathamhnachas d'iarraidh air, agus eisean ag gol ina ndiaig. Agus bíodh ná raibh aon náire orra roimis an saol go léir roime sin, bhí náire orra an uair sin roimis na daoine gan mhaith a bhí ag obair sa phrísún in éineacht leo, agus bhí eagla orra go n-abróch na daoine sin ina dtaobh: Táid siad lag-chroidheach; bíd siad ag gol agus ag lorg mathamhnachais ar a n-athir. Agus dfanadar mar sin gur rug an bás orra.

17. Nuair a chonaic na comhursain an méid sin dubhradar: Bhí na hógánaig sin ina mbuachaillí maithe faid a bhíodar 'na gcomhnuí i dtigh a n-athar; ach taréis na scoluiachta dfáil chuadar ar a n-aimhleas; ní foláir nó is droch-ní an léann; tógaimís ar gclann in ainbhfios agus in aineolas máisea.

18. Ach bhí ciall ag an athair agus níor chuir an méid sin aon droch-mhisneach air; do chuir sé sóisir a chlainne mac ar scoil, ach do chomhairligh sé dhóibh ceacht dfoghluim ó dhroch-shompla na ndritháireacha ba shine.

19. Agus níor dhearmhadadar riamh comhairle a n-athar, agus bhíodar chó maith chun an léinn agus a bhí na dritháireacha ba shine; ach do dheinidís a leas i gcomhnuí agus bhí meas orra, agus do chuir san ina

luighe ar na comharsain gur rud maith gurbh ea an léann, ach nár bhfoláir do dhuine rud do dhéanamh ar a athir i gcomhnui.

20. Agus féach, isí an Eaglais Chríostuidhe an t-athir, agus isiad na Francaig agus na Sasanaig agus na Gearmáinig na dritháireacha is sine agus isiad an cumpórd agus glóire an tsaol seo an t-airgead, agus isé an t-áirseoir an t-úsaire, agus na Polannaig agus na hEireannaig agus na Beilgig agus na náisiúin eile go bhfuil creideamh aca, siníad na dritháireacha is óige.

VI.

1. Cé hiad na daoine is mó 'na mbíodh dóchas bhur n-athardha asta agus is mó 'na bhfuil dóchas aici asta go dí anois féin?

2. Ní hiad súd ba mhaisiúla éadaighe agus do bfearr chun rinne iad ná iad súd a mhaireadh i sóghaile agus i sáimhriocht óir ní raibh grá ag a bhfurmhór san don athardha;

3. Ná fós iad súd a dhein cogadh fadó agus ba mhó eolas ar conas cleasa cogaidh a dhéanamh agus conas cur síos ar chogadh agus ar conas leabhair chogaidh a scríobhadh, óir ní raibh creideamh ag á bhfurmhór san i gcúis a n-athardha.

4. Ní hiad san iad, ach iad súd ar a dtugtí Polannaig fhónta, lucht an chroidhe mhóir, agus fós na saigh-diúirí simplí agus an t-aos óg,

5. Agus féach, is cosúil an domhan leis an athardha agus is cosúil le daoine na náisiúin. Na náisiúin chreideamhacha, atá lán de ghrá agus de dhóchas, isiad san dóchas an domhain.

6. Go deimhin, adeirim libh: ní hagaibhse atá síbh-ialtacht dfoghluim ó eachtrannaibh, ach is agaibhse

atá an fhíor-shíbhialtacht Chríostuidhe do mhúine dhóibh-sin.

7. Is maith an rud eolas ar cheárdaibh agus ar ealadhnaibh agus ar eoluiacht. Ní himeasc Eorpach amháin is féidir mórán nithe fóna dfoghluim, ach imeasc Túrcach agus imeasc daoine fiaine, leis. Foghlumuig iad, mar sin, ionnus go bhféadfir maireachtaint ar do shaothar féin, fé mar a mhairidís na hasbail ar chéird, ar shiúinéireacht nó ar fhighdóireacht nó ar fhonnsóireacht; ach ní dhearmhadaidís gurbh asbail iad agus go raibh orra nithe ab uaisle ná ceárda is ná ealadhna is ná léann do mhúine do dhaoine.

8. Ná dein aighneas le heachtrannaibh, le réasúnaibh agus le mórán cainte, mar is eol duit gur lucht cabair-eachta agus béicighe iad, ar nós leanbhaí scoile, agus an garsún cainteach droch-mhúinte ní leigean sé an focal deireannach leis an máistir is mó foghlui.

9. Teagaisc iad led' dhea-shompla, mar sin, agus freagair a gcuid cabaireachta le soluídi a' Soiscéal Chríost agus a' Leabhar na nOilithreach.

VII.

1. Deir Críost : An té a leanfidh mise, fágadh sé a athir agus a mháthir, agus cuireadh sé a anam gcontabhairt.

2. Deir an tOilithreach Polannach : An té leanfadh an tSaoirse, fágadh sé a thír agus cuireadh sé a anam i gcontabhairt.

3. Oir, an té fhanan ina thír agus fhuilingean an daoirse dfonn a anam do choimeád, caillean sé a anam agus a thír; ach an té fhágan a thír chun na Saoirse do chosaint go himirt anama, beidh a thír aige agus mairfe sé go síorraidhe.

4. Sa tseanaimsir, nuair a tógadh an chéad chathir riamh ar an dtalamh, do thárla tóiteán sa chathir sin.

5. D'éirig cuid desna daoine ina suidhe agus dféachadar amach an fhuinneog, ach nuair a chonacadar an tóiteán i bhfad amach uatha thugadar an leabaidh orra féin arís agus do thuit a gcodladh orra.

6. Agus nuair a chonaic cuid eile aca go raibh an tóiteán níba ghoire dhóibh dfanadar ina seasamh ar an dtairsig agus dubhradar: Cuirfimid chun a mhúchta nuair a thiocfa sé chugainn.

7. Agus do neartuig ar an dtóiteán go mór agus do dhóig sé tithe na muintire dfan insna dóirsibh; agus an mhuintir bhí ina gcolladh do loisceadh maraon lena dtithibh iad.

8. Gan amhras bhí roinnt daoine misniúla ann agus nuair a chonacadar an tóiteán ag teacht do phreabadar amach as a dtithibh agus thánadar ag cabhrú leis na comharsain ba ghoire dhóibh; ach ó thárla ná raibh ionta ach buidhean bheag níor éirig leo.

9. Agus nuair a bhí an chathir ina luaithrig do thóg na comhursain agus na daoine misniúla san arís í le congnamh muintir na tíre go léir agus bhí sí níba mhó agus níba mhaisiúla ná riamh.

10. Ach an mhuintir úd dfan siar ón dtóiteán agus nár dhein ach fanúint isna dóirsibh, do ruagadh amach as an gcathir iad. Agus fuaradar bás don ghorta.

11. Agus do deineadh an reacht so sa chathir sin, .i. muintir na cathrach go léir do rith chun gach tóiteáin sa chathir feasta agus uisce agus dréimírí agus crúcaí do bhreith leo, nó daoine do cheapa agus a bheith de chúram orra faire na hoíche dhéanamh agus an tóiteán do mhúcha.

12. Agus tá a lithéid sin de dhlí agus d'órdú i bhfeidhm insna cathracha go dí an lá so agus collaid muintir na gcathrach go suaimhneasach.

13. 'Sí an Eoraip an chathair sin; agus is cuma an tóiteán nó an t-annsmacht, namhaid na hEorpa; agus isiad na Gearmáinig na codaltaig; agus isiad na Francaig agus na Sasanaig an mhuintir dfan ina seasamh insna dóirsibh; agus isiad na Polannaig na daoine misniúla.

VIII.

1. Bhí feirmeoirí i Sasana fadó agus móirthréada bó is caorach aca.

2. Ach ba mhinic na machtíirí isteach ar a machairí ag déanamh díobhála.

3. Thugadh na feirmeoirí leo airm theine agus gadhair agus théidis ag fiach agus ag marbhú na machtíirí; ach nuair a comáintí na machtíirí amach ar thaobh do chasaidís isteach ar thaobh eile, agus in aghaidh an aon mhachtíre amháin a marbhuighití d'eirigheadh deic gcinn eile amach. Ach bhíodh na feirmeoirí ag fiach i gcomhnuí i dtreo gur fágadh dealbh iad ó bheith ag beathú gadhar agus ag ceannach arm. Agus bhí na tréada go léir ag dul ar neamhní.

4. Ansan do labhair feirmeoirí eile ba mhó ciall ná iad san agus dubhradar: Téimis níos sia ag lorg an bheithig allta, téimis go dí an choill agus dúisighmís é agus marbhuighmis ina ghnáthóig é. Ach thánadar na machtíirí amach a' coilltibh eile arís agus do creachadh na scológa agus do chailledar a dtréada.

5. Ar bheith creachta dhóibh, do chuadar ag triall ar a gcomhursanaibh agus dubhradar: Cruinnighmís na daoine go léir agus bímís ag fiach an bhliain go léir

godí go mbeidh an uile mhactíre san oileán díscithe againn; mar oileán isea Sasana.

6. Agus do ghluaiseadar, agus bhíodar ag fiach na machtíirí godí go raibh an uile cheann díobh marbh aca; ansan do chuireadar na hairm uatha agus do scaoileadar uatha na conairteacha agus téid a reithí ag inníor gan aodhairí ó shin i leith.

IX.

1. Ar an dtaobh eile dhe bhí dúthig áirithe san Iodáil a bhí go torthúil fé rís agus fé chrannaibh ola, ach ba mhí-fholáin an áit é óir, sa tsamhradh, do thagadh as an dtalamh aníos gal ar a dtugtar *malaria* agus do leathadh an gal san éagruas marathach mór-thímpal.

2. Agus is amhlaidh a dheinidís muintir na dúithe sin, cuid aca do leigint deatacha ar fuaid a dtithe chun an droch-ghail a mharbhú, agus mórán airgid a chaith-eamh ar chumhrachtaibh; agus cuid eile acu do dhéanamh porthallai ar an dtaobh thiar, mar is aniar a thagadh an phláig; agus an chuid eile d'imeacht ó bhaile i gcóir an tséasúir mhí-fholáin; agus bhí san mar sin godí go raibh gachéinne marbh agus an áit ina fhásach agus gan ach tuirc i gcoilltibh na gerann ola agus insna páirceana ríse.

3. Agus do shrois an *malaria* dúthig eile agus siúd ar siúl arís an obair chéadna godí go bhfuair na daoine an chomhairle seo ó dhuine chiallmhar :

4. Eirighean an droch-ghal san i bhfad uaibh, ar seisean leo; éirighean sé a' riasc atá caogaid míle as so. Imighidh, mar sin, agus leigidh an t-uisce as an riasc san agus tiormuighidh é, i dtreo, má gheibhean sibh bás don droch-ghal, go mbeidh bhur gcuid ag bhur

gclainn in bhur ndiaig agus go mbeídh beannacht na dúithe oraibh.

5. Ach ní leigfeadh an leisce dhóibh dul chó fada ó bhaile, agus bhí eagla orra roimis an mbás : mar sin níorbh fhada go bhfuaradar bás ar a leapachaibh. Do ghluais an droch-ghal roimis agus tá sé tagaithe isteach i ndeich nduthaighe cheana féin.

6. Oir, an té ná héireoidh amach as a thig chun dul ag troid leis an olc, chun é scrios as aghaidh na talmhan, tiocfídh an t-olc féna dhéin agus seasó sé aghaidh ar aghaidh leis.

X.

1. Cuimhnighidh go bhfuil sib i lár na gcoigríoch mar bheadh tréad caorach imeasc na bhfaolchon nó camtha i dtír namhad agus beidh síocháin eadraibh.

2. An mhuintir ná mairean i síocháin is cosúil iad leis na reithí a théan amach ón dtréad, óir ní bholaithighid an machaire; nó, is cosúil iad le saighdiúirí a théan amach ón gcamtha, óir ní thugaid siad an namhaid fé ndeara; ach dá mbolaithigheadh na reithí an machaire agus dá bhfeiceadh na saighdiúirí an namhaid dfanfidis i bhfochair na coda eile.

3. Agus ní hiad an Trionóid Shátanda amháin is namhaid agaibh ach iad súd uile a dheinean beart agus caint in ainm na Tríonóide sin; agus imeasc na gcoigríoch is líonmhar iad lucht *Neart* agus *Có-throm* agus *Críochnú an Fháinne* agus *Tairbhe d'adhradh*.

4. Ní có-mhaith sibh go léir, ach an té is measa oraibh is fearr é ná an coigríoch fóna, óir tá an spioraid chun íbeartha dhéanamh de féin i ngach duine agaibh.

5. Agus má tá cuid agaibh nách mar a chéile is mar

gheall ar sibh a bheith éaduithe ar nós na gcoigríoch é : cuid agaibh agus boinéid dearga na Fraince oraibh; cuid eile agaibh éaduithe in eirmín na Sasanach; agus an chuid eile agus róbaí agus bairéid na Gearmáine agaibh á chaitheamh. Ach nuair a bhíon an chlann fé cheilt mar sin is minic na haithnighean a máthir féin iad.

6. Ach chó luath agus chuirfid siad umpa arís an *czamara* Polannach. aithneoid siad uile a chéile, agus suidhfid siad ar ghlúinibh a máthar agus déanfidh sise iad do ghabháil chuichi mar a chéile.

7. Ná bídh i gcomhnuí ag lorg cionta agus peacaí na haimsire atá imithe. Is eol daoibh go ndeirean an t-oide faoistine leis an bpeacach gan cuimhneamh ar a sheana-pheacaí arís, agus go mór mór gan labhairt orra le daoine eile, mar go ndeinean cuimhneamh agus comhrádh den tsórt san mian na bpeacaí do mhúiscilt arís.

8. Ná glaoigidh amach : Féach go bhfuil a lithéid seo de smál ar an nduine sin, ní mór dom é nochtadh do chách; siné an duine dhein a lithéid seo nó a lithéid siúd de choir. Deinidh deimhin de go mbeidh daoine le fáil chun na gcortha san do chuardach agus breithimh chun breith a thabhairt orra agus básairí chun iad d'agairt.

9. Ag gabháil tríd an gcathir duit, ní ghlanan tú an pábháil má chion tú salachar air; agus nuair a castar leat an gaduidhe agus é gofa ní bhíon deithneas ort chun é tharang chun na croiche. Táid daoine eile ann go bhfuil san de chúram orra.

10. Ní theipfidh a lithéidí orainn choíche; óir, le fiordhéanaí, taréis bháis don bhásaire i gcathir áirithe

sa bhFrainc, siúd ag lorg oifig an bhásaire sin trí chéad agus sé-dheic-a-sé de dhaoine.

11. Ag labhairt daoibh ar an aimsir atá imithe, má abran sibh : Deineadh a lithéid seo de bhotún sa chath san, agus a lithéid siúd de bhotún sa chath eile sin, agus a lithéid siúd eile de bhotún sa ghluaiseacht úd : tá go maith; ach ná ceapaidh taréis an méid sin go bhfuil ana-ghéarchúis agaibh, mar is uiriste botún d'aithint ach is deacair dea-thréthe d'aithint.

12. Má bhíon poll sa pheictiúir nó smúid air, an chéad amadán a thiocfadh chéife sé é; ach ní mór bretheamh ar pheictiúirí chun uaisleacht an pheictiúra do bhreithniú.

13. On dtaobh is gile a bheirid dea-dhaoine breith ar dtúis.

14. Ag ullmhú i gcóir na haimsire ná táinig ní mór don aigne dul siar ar an aimsir atá imithe, ach gan dul siar ach chó fada is théan an duine roim dhul de léim thar díg dó chun fuinnimh a chur leis an léim.

XI.

1. Tá sibh i lár na gcoigríoch mar bheadh lucht luinge briste ar thráig eachtrannach.

2. San am san, do tharla gur bádhadh long áirithe; ach mar sin féin tháinig cuid de mhuintir na luinge slán ar an dtráig iasachta.

3. Orra san bhí saighdiúirí agus máirnéalaig, ceárd-uithe agus daoine foghlumanta, lucht leabhar do scríobhadh.

4. Bhíodar go léir ag déanamh buartha agus ba mhian leo filleadh chun a dtíre féin : do chuadar i gcomhairle.

5. Ní thabharfadh muintir an chósta long ná bád

dóibh agus, toisc iad do bheith sanntach, ní thabharfidís an t-adhmad dóibh gan airgead.

6. Chuadar isteach sa choill mar sin agus do chromadar ar na crainn dféachaint agus bhíodar ag cur is ag cúiteamh eatorra féin féachaint cá mhéid crann a bheadh uatha agus conus a dhéanfidís an t-árthach; ce aca ar nós an tsean-árthaig é nó ar nós nua : ce aca frigéad nó brig nó cuitéir a dhéanfidís.

7. Faid a bhí an méid sin ar siúl, d'airig muintir na háite geoin an aighnis a bhí eatorra agus do rithedar isteach agus do ruagadar na deoruithe amach as an gcoill.

8. Agus tháinig buairt ar na deoruithe agus do chuadar i gcomhairle arís.

9. Agus dubhairt cuid aca gurbh é an píolóid fé ndeár briseadh na luinge agus ba mhaith leo é mharbhú ach bí sé báite cheana. Bhí cuid eile acu ag cur an mhilleáin ar na máirnéalaig ach toisc gan ach beagán máirnéalach a bheith acu ní fhéadfídís cur chun faraige dá marbhaighdís iad agus mar sin níor dheinedar ach tarcuisne thabhairt dóibh agus greas fonomhaide dhéanamh fútha.

10. Bhí cuid aca ghá áiteamh gurbh í an ghaoth adtuaidh fé ndeár an longbhriseadh. Ar an ngaoith aniar a chuir cuid eile aca é agus dubhairt cuid eile fós gur charraig bháite fé ndear é. Agus d'eirig aigneas mór eatorra agus do lean an t-aighneas ar feadh bliana agus níor dheinedar tada.

11. Ansan dubhradar : Scaram le chéile agus loirgeam slithe beatha dhúinn féin. Agus do chuaidh na siúinéaruithe ag déanamh tithe agus na saoir chloiche ag déanamh saoirseachta, agus na saoithe

ag déanamh leabhar don mhuintir iasachta, gach ceárduidhe ar a chéird féin.

12. Agus tharla go dtáinig dúil mhór acu a dtír féin dfeiscint arís : ní fheidir cuid acu conus tithe thógáil ar an nós iasachta, agus ní fheidir an chuid eile conus scríobhadh sa teangain iasachta.

13. Agus bhíodar go dubhach agus chuadar i gcomhairle arís.

14. Bhí fear ionnraic ar a measc a bhí ina thost godí san, mar fear síochánta ab ea é; dubhairt seisean leo :

15. Ag obair agus ag tuilleamh bhur gcoda dhaoibh, dearmhadan sibh go bhfuilimid le filleadh chun ár dtíre féin, agus ní raghmíd tharnais ach ar bórd árthaig agus ar muir.

16. Mar sin de, leanadh gach éinne agaibh ag tógáil tithe nó ag scríobhadh leabhar, ach san am gcéadna ceannuigheadh gachéinne agaibh tua dhó féin agus foghlumuigheadh sé conus snámh a dhéanamh.

17. Maidir leis na máirnéalaig atá inár bhfochair, faghdís eolas ar gach a mbaineann leis an bhfaraige agus le cóstaibh agus le gaothaibh.

18. Agus nuair a bheidh gach ní i dtreo againn raghmíd godí an choill agus déanfmíd ártach go tapaidh sara mbeidh uain ag muintir na háite seo ar aon rud do dhéanamh. Agus más fonn leo bac a chur ar an obair cosnóimid sinn féin orra leis na tuanaibh.

19. Dubhradar mar sin : Toghmís píolóid.

20. Theastuig seanaphíolóid ó chuid acu agus píolóid óg ó chuid eile acu; a lithéid seo a theastuig ósna saoraibh cloiche agus a lithéid siúd ón lucht léinn. Agus do lean an t-aighneas san ar feadh bliana agus níor socruigheadh ar éinní.

21. I gcionn na haimsire sin dubhairt an fear ionn-raic leo : Toghaidh ar dtúis siúinéir chun árthaig do dhéanamh daoibh go tapaidh, agus bíodh an t-árthach ar an sean-nós agaibh go fóill mar níl uain againn ar thabhairt féna mhalairt.

22. Agus nuair a bheimíd ar bórd agus amach ar an bhfaraige cruinneoimíd na máirnéalaig go léir agus déarfimid leo plólóid a thogha.

23. Ní mian leis na máirnéalaig, ach chó beag linne, go mbáfí iad agus dá bhrí sin is fear maith a thoghfid siad.

24. Agus má éirighean eadrainn ansan beidh deire leis an aighneas láithreach, mar déanfidh na fir láidire na fir laga do cheangal nó iad do chaitheamh amach sa bhfaraige; ach faid a bheimíd anso ní bheidh deire le haon achrann choíche, mar níl neart dúinn duine do thachtadh ná do chur chun báis.

25. Do deineadh mar adubhradh agus do chuadar ar bórd na luinge fé áthas.

XII.

1. I gcóthionólaibh agus i gcomhairlíbh daoibh ná deinidh aithris ar lucht na n-íodhal d'adradh.

2. Le hithe agus le hól, ar dinnéar nó ar suipéar, isea thosnuigheadh cuid agaibh cóthionóil agus comhairlí agus có-cheilgí, nithe a iarran ciall agus aondacht.

3. Cé airig riamh ciall do theacht a' bolg lán nó síocháin a' ceann ar meicse; cé airig riamh gur cuireadh tír ar a bonnaibh arís le feoil agus le fíon?

4. Siné an fáth ná bíon an rath ar a lithéidí sin de chomhairlíbh agus de chó-cheilgíbh, óir críochnuighitar mar a tosnuighitar.

5. Is maith is eol do leaghaibh, an ghein a geintear ón athair a dheinean craos ar bhia agus ar dhig, gur ina gheilt a thagan an ghein sin ar an saol agus nách fada buan dó.

6. Mar sin de, tosnuighidh bhur gcóthionóil agus bhur gcomhairlí ar nós bhur sinsear, le haifrionn d'éisteacht agus le corp Chríost do ghlacadh agus cinnfe sibh comhairlí ciallmhara.

7. Ní fheacaidh éinne riamh easaontas idir dhaoine an lá théidís go débhoideach diadha chun comaoine, ná go mbíodh eagla orra an lá san.

8. Ag dul i gcomhairle dhaoibh, umhluighidh sibh féin in bhur n-aighe féin, óir ní bhíon an aondacht ach mar a mbíon an umhlúacht.

9. Ní dubhradh riamh le daoine: "Arduighidh sibh féin chun na haondachta" ach "claonaidh chun na haondachta."

10. Agus an té gur mian leis barraí na gcrann do cheangal dá chéile ní mór dó iad do lúbadh. Lúbaidh bhur résúin mar sin agus ceanglóid siad dá chéile.

11. In bhur sollamhnaibh daoibh ná deinidh aon aithris ar lucht na n-íodhal. Oir, an lucht íodhal-adharthach na gcomhnuighean sibh ina measc, coimeádaid siad a bhféilte náisiúnta, idir féilte áthis agus féilte dóláis, ar an gcuma gcéadna i gcomhnuí .i. le fleadh agus le féasta: a mbórd is altóir acu agus a mbolg is Dia acu.

12. Ach sibhse, sollamhnuighidh bhur bhféilte náisiúnta, féile an éirithe amach agus féile Grochow agus féile Wawer, sollamhnuighidh iad ar nós bhur sinsear, ag dul chun an teampaill ar maidin agus ag déanamh troscaidh an lá go léir.

13. Agus an t-airgead a bheidh spártha ó nbhur mbéal agaibh an lá san tugaidh dosna sinsearaibh é chun bhur máthar, chun bhur dtíre, do chothú. Ní choiscfidh rialtas ar bith a lithéid de shollamhnú, agus ní gá tithe móra do ghlacadh ná cruinniú ar na sráideana ag déanamh collóide.

14. Ná deinidh aithris ar ghléas éadaig lucht na hÍodhaldachta. Oir, an lucht íodhal-adhartha na gcomhnuighean sibh ina measc, ba mhaith leo a mbreitheamh a dhéanamh onórach, agus ní le dílse don cheart é ach le héide. Agus gléasaid siad iad féin i gcorcur agus in eirmín, i ribínibh agus in órnáidibh, agus is cosúil iad leis na striapacha, a éaduighean iad féin i mbán agus i ndearg agus a chuirean órnáidí orra féin, agus dá ghráinne iad gurb ea is maisiúla bhíon a gcuid éadaig.

15. Sibhse go léir, idir óg is críonna, caithidh *czamara* an éirithe amach, óir is saighdiúirí leis an athardha ina héirghe amach sibh go léir. *Czamara* isea a tugtar, sa Pholannais, ar an aibíd a cuirtar uime dhuine agus é ag dul chun báis.

16. Agus tá a lán agaibhse a gheoidh bás in aibíd an éirithe amach. Agus ba chóir daoibh uile bheith ullamh ar bhás dfáil.

17. D'aithneoch éinne, fé aibíd an éirithe amach, an curadh do rug bua ag Wawer, nó an curadh do bhris cath ar an namhaid ag Stoczek, nó an ceann feadhna do sheol an slua tharnais ón Lituáin, nó an fear a bhí i gceannus reisimeint Wolhynie, nó an laoch adubhairt le linn an éirithe amach : A ógánacha, deinidh beart do réir mar atá curtha romhaibh agaibh; cuiridh cath ar an namhaid; agus na fir óga is túisce chuirfidh ruaig

ar an dtíoránach, agus an fear is túisce ghlaofidh : Síos le Nioclás!—beidh a n-ainmneacha san i mbéalaibh feara an domhain.

18. Ach cé dhó gurb eol cad is ainm do rí Náiple nó do rí Shardinia, má tá an corcur féin umpa? Cé aige go bhfuil fios ainmneacha chlann na ríthe atá i dtíorthibh eile nó fios ainmneacha na marascal agus na ríthe féinne go bhfuil cuailí ceannuis agus comharthí uaisleachta acu? Ca bhfios d'éinne é?

19. Agus an chuid eile acu, aithnighitar a n-ainmneacha toisc a chuirptheacht agus a bhaoithe atáid, fé mar aithnighitar, sa tsráid-bhaile bheag, ainm an mhórfhoghluidhe bhóthir nó an ghaduidhe mhóir nó an chleasaidhe mhóir nó an bhriolláin a chaoluighean leis tríd na sraideana agus a chuirean na daoine ag gáirí uime

20. Agus is mar sin do ghlóire an tzar Nioclás agus an tzarin Don Miguel agus tzarin Mhodène agus mórán ríthe agus ministrí is eol daoibh.

21. Caithidh, dá bhrí sin, *czamara* an éirithe amach.

22. An té go dteastuighean culaith éadaig níos daoire uaidh agus go bhfuil an gustal aige chuige deineadh sé mar seo : más deich gcoróinneacha atá ar an gculaith eudaig, taréis an chulaith éadaig do cheannach dó tugadh sé uaidh deich gcoróinneacha eile chun na hathardha do chlúdach. Agus deinidh an ní céadna i dtaobh bídh agus lóistín, nithe ba chóir a bheith mar a bhíon ag an saighdiúir; má théid siad thairis sin, tugadh rud éigin uaibh go fonnmhar.

23. Agus san am gcéadna ná cuiridh suim i mbia ná in éadaibh ná i lóistín na comhursan. Ba chóir gur chuma libh cad a dhéanfadh daoine eile; mar is chun

gurbh usaide dhaoibh breith do bhreith, ní har an bhfear thall ach oraibh féin, a cuireadh síos an chomhairle sin tuas.

24. Ná bídh dian ar an bhfear thall. Bídh dian oraibh féin. Oir is do réir na breithe a thabharfa sibh a tabharfar breith oraibh.

25. Breithnighidh an rud diamhair seo :

26. An té a thabharfidh breith ró-dhian ar a chomharsain mar gheall ar locht ar bith, pe aca meattacht nó faillí nó guagacht é, is deimhin dó féin tuitim sa locht san agus tabharfid daoine eile breith air.

27. Agus sin rud a thuig Polannach diadha áirithe agus a chuir sé in úil dúinn.

28. Isiad na daoine meatta is déine thugan brethúntas ar an bhfear meatta agus isiad na gaduithe is mó cháinean an gaduidhe, agus isiad na hamadán is aoirde geoin mhagaidh fén amadán.

29. Labhran an fear ciallmhar cródha dfocalaibh boga ceannsa; ach más taoiseach é nó breitheamh agus go dtugan an pobul an claidheamh ina láimh dó, ansan bíon sé cruaidh agus beirean sé breith ar dhaoine agus cuirean sé pionóis orra do réir a choinsiais, mar isé an pobal go léir a bheirean a mbreith tré n-a bhéal agus isí lámh an phobail a chuirean daoine chun báis lena chlaidheamh.

30. Ach labhran an fear baoth go cruaidh agus go horb faid ná bíon sé ach ina dhuine den choitiantacht; ach an túisce na ndeinean sinsear agus breitheamh ar an bpobal de tagan a shuaruiacht chun soluis, óir bíon sé imeaglach, claon, agus ní do réir chroidhe an phobail a bhíd a bhreitheana ach do réir an ghrádha nó an fhuatha bhíon aige dhó so nó dhó súd.

31. Má dheinean tú éagcóir ar dhuine, ghá rádh : is feallaire é : nó má abran tú go héagcórach : is spiadóir é; dein deimhin de go bhfuil an ní céadna san díreach ag daoine eile á rádh ad thaobh-sa an neomat céadna san.

32. Ná deinidh cúmpráid eadraibh féin, ghá rádh : den tseana-bhuidhin mise agus den bhuidhin nua thusa; bhíos-sa ag Grochow agus ag Ostrolenka, agus ní rabhais-se ach ag Ostrolenka amháin; ba shaighdiúir mise agus ba dhuine den éirghe amach tusa; Lituáineach mise agus Masóbhiánach tusa.

33. An mhuintir a labhran ar an gcuma san, léighdís arís sa tSoiscéal an tsolúid i dtaobh an lucht oibre a tháinig godi an fíonghort, cuid acu do glaothadh ar maidin agus cuid acu i lár an lae agus cuid acu um thráthnóna, agus ná fuair éinne acu aon rud sa mbreis ar a chéile. An mhuintir a tháinig go luath sa ló bhí éad acu leis an muintir ba dhéanaighé a tháinig agus dubhairt an máighistir : A lucht an éada is cuma dhaoibh ach bhur dtuarastal féin dfáil.

34. Fachtar mórán daoine clainne le saighdiúirí imeasc na gcoigríoch ach clann an éirithe amach is in bhur measc féin amháin atáid siad le fáil.

35. Bráithre dá chéile an Lituáineach agus an Masóbhiánach; an amhlaidh a théidheann na bráithre ag achrann le chéile toisc Ladislás a bheith mar ainm ar dhuine acu agus Witold ar an nduine eile ! Is aon ainm amháin atá orra, an t-ainm “Polannach.”

XIII.

1. Ná deinidh aighneas ar bith i dtaobh méid bhur seirbhíse ná i dtaobh tosuiachta ná i dtaobh céimeana onóra.

2. Bhíodar saighdiúirí calma áirithe ag tabhairt an asáilt ar chathair áirithe. Do cuireadh dréimire suas le falla na cathrach agus do ghlaoidh an slua : An té is túisce leagfidh cos ar an bhfalla is aige a bheidh an curadh-mhír.

3. Do rith an chéad chomplacht rompa agus ó ba mhian le cách bheith ar an gcéad duine a raghadh anáirde ar chéimeanna an dréimire, do thosnuighdar ar bheith ag brúth ar a chéile i dtreo gur leagadar an dréimire agus gur thuitedar de bharra an fhalla anuas agus gur marbhúigheadh iad.

4. Do cuireadh suas an dara dréimire agus siúd féna dhéin an dara complacht agus an té ba thúisce léim anáirde ar na céimeanna do scaoileadh leis agus do lean an chuid eile é.

5. Ach ní raibh an saighdiúir tosaig ach leath na slí suas nuair a chuaigh dá neart, agus stad sé agus bhí sé sa tslí ar an gcuid eile. Do thosnuig an fear a bhí laistíos de ar bheith ag achrann leis; do thóg sé den dréimire é agus do chaith sé uaidh síos é, agus do chuir sé an chuid eile ag tuitim i ndiaig a gcúil síos : do bhí ina chíríib agus do marbhúigheadh iad go léir.

6. Do cuireadh suas an tríomhadh dréimire agus do phreab an tríomhadh complacht anáirde air; do goineadh an fear tosaig agus níor mhaith leis dul ní ba shia anáirde. Ach fear maith láidir ab ea an té a bhí ina dhiaig; agus, gan focal do rádh dhó, níor dhein sé sin ach greim a bhreith ar an bhfear tosaig agus é bhreith ar a bhéalaibh leis suas, ghá chlúdach féin leis mar a dhéanfa le sciath cosanta agus do chuir sé ar bharra

an fhalla é; do lean an chuid eile in eagar agus in órdú agus do ghabhdar an chathair.

7. Do chuaidh an slua i gcomhairle ansan agus ba mhaith leo an curadh-mhír do thabhairt don fhear láidir, ach do labhair seisean leo mar seo :

8. A shaighdiúirí na páirte, dfógrúir an curadh-mhír don té ba thúisce leagfadh cos ar an bhfaila; seo anso saighdiúir créachtnuithe a bhí ann romham-sa; dó san, mar sin, is cóir an curadh-mhír do bhreith leis. Is tríd do ghaibh Dia an chathair.

9. Ná bíodh meas suarach agaibh air, ghá rádh : An do luas cos amháin is cóir tosach a thabhairt; óir áirmhightar luas, leis, mar dhea-thréith sa tsaighdiúir, chó maith le neart agus le cródhacht.

10. Ná hobraidh nár dhein sé tada; óir, mara mbeadh gur goineadh romham-sa amach é, is mise a goinfí agus béidir ná tógfí an chathair indiu. Mar, an té a chosnan, tá sé chó maith leis an té a bhuail-ean, agus is có-mhaith sciath agus claidheamh. Níl aon ghnó agam de churadh-mhír, mar is eol daoibh go léir cad a dheineas.

11. Tugan Dia an buadh dhúinn tré luas an chéad duine, tré chródhacht an dara duine, tré neart an triomhadh duine; ach nuair a dheinean an fear láidir nó an fear gasta a chomráduithe lag do chaitheamh síos in ionad é bhreith leis anáirde, cuirean sé mear-athal agus tré chéile ar a mhuintir féin agus bristear orra; agus, má dheinean sé maoidheamh as a ghníomhartha féin, cuirean sé síol an easaontais.

XIV.

1. Tugadh cách a thalant don athardha, mar a cuirtar déire i gciste na mbocht, fé cheilt, agus gan

a innsint cá mhéid é. Tiocfadh an t-am na mbeidh an ciste lán agus scríobhfadh Dia san áireamh cá mhéid a chuir cách ann.

2. Ach má dheinean tú maoidheamh as an méid seo nó as an méid úd do chur ann beir at cheap magaidh ag daoine; aithneoid siad gur chun do ghlóire féin amháin a thugais uait do thalant.

3. Is cosúil le púdar an tseirbhís a deintar don athardha.

4. An té a leathan an púdar go fórléathan agus a chuirean teine leis, ní bhíon aige ach lasair bheag gan neart, gan pléascadh, gan éifeacht.

5. Ach an té a chuirean go doimhinn sa talamh é agus a chuirean teine leis, réaban sé an talamh agus an falla le torainn-chleas tóirthnighe; agus deirid na daoine: Go deimhin féin, bhí mórán púdair ann—bíodh is ná raibh ann ach beagán ach gur cuireadh go doimhinn é.

6. Mar sin don tseirbhís a cuirtar i bhfolach doimhinn, féachfa sí lán de ghlóire; agus má ceiltar í chó maith san ná feicfar ar an saol so choíche í, be sí ag taitheamh ar feadh na síorruíachta, agus beidh a torainn-chleas gan críochnú choíche, agus beidh a glóire síorraidhe, agus mairfidh a toradh ar feadh na saol.

7. An tseirbhís a deintar don athardha is cosúil le gráinne í; an té chuirean ar a dheárnain é agus a thespeánan do chách é, ghá rádh: Sin gráinne mór agaibh—tiormó sé é agus ní bhainfe sé pioc dá thoradh.

8. Ach an té chuirean an gráinne sa talamh agus a dheinean foidhne ar feadh roinnt seachtainí, chfon sé planda ag teacht as an ngráinne.

9. Agus an té thaiscighean an gráinne mar aon leis an ndéis i gcóir na hath-bhlíana, i gcóir na beatha síorraidhe, gheo sé céad gráinne as, agus as an gcéad gráinne sin gheo sé na mílte míle gráinne.

10. Agus sin é an fáth gurb é an fear is sia fhanan gan luacht saothair is mó gheibhean de luacht saothair; agus mara bhfactar tuarastal i bhfus is móide an tuarastal a gheofar thall é.

11. Cad déarfá leis an muintir a bhíon ag gearán, ghá rádh: Dheineamair go calma, agus níl comhartha onóra ná árd-chéim againn? An ar son céimeana agus comharthaí onóra a throidean sibh, mar sin? An té a throidean ar son céimeana agus comharthaí onóra, téadh sé anonn chun na Muscobhíteach.

12. Agus cad déarfá leis an muintir a bhíon ag ceisneamh, ghá rádh: Sin fear ar thaobh na láimhe deise. fear imeaglach, agus comhartha onóra air: sin fear eile ar thaobh na láimhe clé, fear gan feidhm, agus árd-chéim fachta aige? An amhlaidh a dheinean an dea-shaighdiúir féachaint ar dheis ná ar chli agus é ag déanamh ar an namhaid? Ní fhéachan sé ar dheis ná ar chli; téan sé díreach ar aghaidh. Fear meatta an té fhéachan ar dheis ná ar chli. Is leis an dtaoiseach a bhaineann féachaint agus feiscint.

13. Agus cad déarfá leis an muintir a bhíon ag gluaireán, ghá rádh: Do mealladh ár dtaoiseach i dtaobh na gcomharthaí onóra bhronnadh, mar árd-uighean sé céim na ndroch-dhaoine? Oir chion gachéinne an locht a bhíon sa taoiseach ach ní fheicean sé a dhea-thréithe; agus, ar an dtaobh eile den scéal, chion duine a dhea-thréithe féin ach bíon sé dall ar a dhroch-thréithe. Ach is minic is riach-

tanaighe don náisiún an mhaith a bhíon sa taoiseach ná an mhaith a bhíon ionainn féin.

14. Ná fuil fhios agaibh gur dhein Críost atá ina Dhia feallaire thogha mar dhuine den dá aspol déag? Mar sin de, má dheinean taoiseach, agus gan ann ach duine, cúigear atá go hólé do thogha amach a' dáréag chun oificí agus comharthaí bhronnadh orra, tá sé gan locht.

15. Agus imeasc na nAspol. b'é Eoin an té ba mhó go raibh grádh ag Críost dó cé gurbh é ab óige agus ná raibh aon oifíc fé leith aige: cé ná raibh sé ina fhear ionaid ar nós Pheadair, ná ceapuithe ina Aspol i gcóir na ngeinte ar nós Phóil, ná ina sparánuidhe ar nós Iúdáis.

16. Agus isé Eoin amháin a thargair sa Tesbeánadh na nithe bhí le teacht agus tugtar Fiolar air; ní fios cadí an chrích a rug é, agus is dó lena lán ná fuair sé bás in aon chor; agus ní deirtar san i dtaobh Aspol ar bith eile.

17. Chíon sibh mar sin go dtéan seirbhís gan oifíc in oirdhearcas ó aois go haois.

XV.

1. Táthaoi imeasc na gcoigríoch, mar bheadh daoine bheadh ag lorg aoidheana agus ag tabhairt cuire dhóibh teacht chun fleidhe na saoirse ina dtig.

2. Duine dicéillidhe dá raibh ann tráth, thug sé cuire do roinnt aoidheana, agus sé céad rud a dhein sé ná an chamra agus na háiteana salaoha eile bhí ina thig do thespeaint dóibh i dtreo gur chuir sé déistean orra agus nár mhaith leo suidhe chun búird aige.

3. Ach an duine tuisgeanach, ní mar sin a dheinean sé é, ach ná haoidheana thabhairt tré phóirse bhreá

ghlan godí seomra na fheidhe. Tá camra i gcóir gachaon tsórt salachair i ngach tig ach tá sí i bhfolach ó shúilibh daoine.

4. Tá daoine ar bhur measc agus, nuair a labhraid siad le heachtrannaibh i dtaobh na hathardha, is ar an ní nách beacht ná fóna, i ndlithibh nó in institiúidibh, a thráchtaid siad ar dtúis; tá daoine eile, ámh agus is ar an ní atá áluinn agus gur fiú é a fheiscint a thráchtid siad ar dtúis. Innsidh, dá bhrí sin, cé aca aca san na daoine ciallmhara agus cé aca aca na daoine gan chiall agus cé aca taobh aca go dtiocfadh leo na haoidheana chruinniú ina dtig?

5. Ná caithidh pearlaí chun na muc; ná tráchtaidh le gachaon stróinséir ar na nithe móra thug bhur náisiún chun críche chun leasa don domhan; óir, tá cuid desna stróinséaruithe agus ní chreidfí siad sibh agus ní thuigfidh an chuíd eile godí go dtiocfí siad ar mhalairt aigne.

6. Bhí Críostuidhe áirithe ina chomhnuí in aice coille do cuireadh ina cúram air. Féachaint dá dtug sé thairis lá do chonaic sé an robálaidhe ag éaló as an gcoill i gan fhios agus ag déanamh anonn ar thig ósta ina raibh roinnt Giúdach ina gcomhnuí, chun iad do mharbhú agus do robáil. Do labhair an robáluidhe leis an maor coille: Tugam fútha in éineacht, ar seisean, agus roinnfimid a gcreach eadrainn.

7. Bhí gunna ina láimh ag an maor agus, cé ná raibh ann ach mion-philéaracha i gcóir na mion-éanlaithe, chaith sé leis an robálaidhe agus do ghoin sé é; ach do goineadh é féin ní ba mheasa. Thosnúdar ansan ar bheith ag gabháil do dhóirnibh ar a chéile agus, taréis bheith ag froid ar feadh i bhfad, do leag

an robáluidhe an maor agus do ghabh sé do chosaibh ann agus do bhí sé marbh aige, dar leis. Ach toisc é bheith gonta agus é bheith ag tabhairt fola go tiugh níor fhéad sé an robáil a dhéanamh agus do bhain sé amach an choill arís. Dála an mhaoir, do chuaigh sé de lámhcán godí an tig ósta ag lorg cabhrach.

8. Agus dubhairt sé leis na Giúdaí: Táim taréis bheith ag troid le foghluidhe. Do choisceas agus do ghoineas é; ach an túisce na mbeidh a chréachta cneasuithe fillfe sé, agus mara dtaga sé anso arís, tiocfa sé ar Ghiúdaig eile agus déanfa sé foghail orra. Eirighidh mar sin agus beiridh greim air agus ceangalaidh é; agus má tá eagla oraibh roimis ná deinidh ach cabhrú liomsa; fear maith láidir isea é ach tá sé tréith anois agus éireoidh linn.

9. Ach do chonaic na Giúdaí óna dtig cad a tharla agus bhí's aca go raibh an maor taréis iad a chosaint, ach bhí eagla orra go n-iarrfadh sé luacht saothair.

10. Mar sin de, do leigeadar orra go raibh iongna an domhain orra agus d'fuarfuighdar de cá dtáinig sé agus cad a bhí uaidh. Thug na seandaoine arán agus uisce beatha dhó, agus bhí na leanbhaí ag gol, le trua dhó mar dh'ea.

11. Agus dubhradar d'aon ghuth: Ní chreidimid gur theastuig ón bhfoghluidhe sinne a mharbhú; is minic a bhí sé anso cheana agus d'óladh sé roinnt uisce beatha agus ní dheineadh sé aon cheataighe dhúinn.

12. Má bhí sé anso cheana, arsan maor, is daoibh is measa, mar thug sé súilfhéachaint ar an dtig agus ar na comhrannaibh, agus thug sé fé ndeara Giúdaig a bheith ina gcomhnuí sa tig, sé sin, aicme chroidhe-lag imeaglach.

13. Ná tabhair tarcuisne dár gcine-na, arsa na Giúdaíg láithreach. Nách díobh san, nách dár gcine-na, an Dáibhid úd a dhein comhrac le Goliath, agus Samson, an fear ba threise ar bith.

14. Is duine mise, ars an maor, atá gan eolas ar na Scriptiúirí, ach amháin gur airigheas an sagart á rádh go raibh Dáibhid agus Samson marbh agus ná héireoidís go bráth arís. Féachaídh chugaibh mar sin.

15. Ní horainne atá lucht robála do ghlanadh amach as an gcoill, arsa na Giúdaíg, ach ar an rialtas agus ar an lucht airm; imig agus abair san leo.

16. Níor iarr an giúistís orm sibh a chosaint, arsan maor, ná níor fhanas le lucht airm ach is amhlaidh fhéadfinn cabhrú leis an bhfoghluidhe chun bhur gooda bhaint díbh nó fanúint tamall ina dhiaig agus mo bhéal d'éisteacht agus do roinnfadh sé bhur n-ollamhathas liom. Dféadfainn, leis, gan corruighe as mo thig féin in aon chor.

17. Tú féin a chosnais, arsa na Giúdaíg.

18. Ní mar sin atá in aon chor, arsan maor.

19. Is le hionchas go bhuighfá luacht saothair do chosnais sinn, arsa na Giúdaíg. Tá go maith, thug-amair arán agus uisce beatha dhuit agus dféach-amair chun do chneácha, agus tabharfimid coróinn duit ina theannta san.

20. Ní theastuighean aon díoluiacht uaim, arsan maor coille, agus i dtaobh an aráin agus an bhiotáille agus an leighis, an túisce na mbead sa bhaile cuirfad roinnt airgid ag triall oraibh.

21. Fé dheire dubhairt na Giúdaíg leis: Do chuais chun troda leis an bhfoghluidhe, ar siadsan, mar gur

fear achrannach tu, mar is eol dúinne. Ta dúil agut sa troid agus bíon tú ag fiach na n-ainmhithe insna coillte.

22. Dáma chun troda a raghainn amach, arsan maor, is fearr na hairm a bheadh agum; do thabharfíom liom piléaracha móra agus claidheamh; do raghainn amach ní ba thúisce nó ní ba dhéanaighe ná mar a dheineas; ach mar is eol daoibh do ghluaiseas amach díreach nuair a chonac an robáluidhe ag déanamh oraibh.

23. Tháinig iongna a geroidhe ar na Giúdaig ansan. Innis dúinn mar sin, ar siadsan, agus admhuig cad chuige gur dheinis mar a dheinis agus cad a chuir suas chuige thu, mar is ait an duine thu.

24. Siné an t-éinní amháin ná neosad daoibh, arsan maor, agus dá n-innsinn, féin, ní thuigfadh sibh é mar ní mar a chéile in aon chor aigne an Ghiúdaig agus aigne an Chríostuidhe; ach dá n-iompuigheadh sibh in bhur gCríostuithe do thuigfadh sibh go maith, uaibh féin, cad a bhí ar siúl agam agus níor ghá dhaoibh me cheistiú. Agus leis sin d'imigh sé uatha.

25. Ach, ag imeacht dó, bhí sé ag osnuíol le pian na créachta.

26. Agus dubhradar eatorra féin: E á mhaoidheamh gur fear é agus sin ag osnuíol anois é! Níl a chréachta ró-mhór; chun sceoin a chur in ár leanbhaí atá sé ag osnuíol mar sin.

27. Bhí 's acu go raibh sé gonta go hól, ach thuigedar ina n-aigne nárbh aon rud fóna a bhí déanta acu agus ba mhaith leo a chur ina luighe orra féin ná raibh aon éagcóir déanta acu. Bhíodar ag labhairt go hárd chun a gcoinsíais do chur chun suaimhnis.

XVI.

1. Táthaoi ar an dtalamh iasachta, gan tearmann dlí agaibh, mar bheadh lucht taistil a thuitfadh isteach i bpoll i dtír anaithnid.

2. Lucht taistil a bhí taréis tuitim isteach i bpoll i gcóir machtírí agus bhí ar an lucht taistil sin tiarnaí agus seirbhísig agus eoluidhe.

3. Agus nuair a chonacadar go rabhdar in íochtar an phuill, do bhreithnighdar cadé an doimhneas a bhí ann agus, gan focal do rádh, bhíodar ar aon aigne i dtaobh cad ba cheart dóibh a dhéanamh.

4. Agus do chuireadar ina sheasamh in íochtar an phuill an té ba mhó agus ba láidire orra, agus do chuaidh an tarna fear anáirde ar a ghuaillibh sin, agus do chuaidh an tríomhadh fear anáirde ar ghuaillibh an tarna fir, agus do chuaidh an t-eoluidhe anáirde ar ghuaillibh an tríomhadh fir.

5. Ag déanamh an dréimire ar an gcuma san dóibh ba chuma leo cé ba thiarna agus cé ba sheirbhíseach ach iad á n-ionadú féin, uatha féin, do réir neart agus leithead a ngualann.

6. Do mheasadar fós gurbh fhearr an t-eoluidhe bheith ar an té ab uachtaraighe agus ar an té ba thúisce a cuirfí amach as an bpoll; mar b'é ba mhó eolas ar na bóithre agus ar na háiteana mórthimpall agus ba thúisce a sholáthróch cabhair dóibh.

7. Ach taréis imeacht don eoluidhe dfanadar ina dtost tamall, ag ithe an bhídh a bhí ina málaíbh acu, ghá roinnt ar chách do réir méid a ocrais.

8. Cheap cuid acu gur bhaolach ná tiocfadh an t-eoluidhe tharnais, ach dfanadar gan éinní do rádh, sara gcuirfidís mí-mhisneach ar an gcuid eile; níor

dheinedar ach machtnamh ina n-aighe, á rádh leo féin : Má dheinean sé feall orainn beidh uain ár ndóthin againn ar ár gcás do chaoine.

9. Níorbh fhada go dtáinig an t-eoluidhe tharnais agus gasra lena chois aige; do tharaing sé aníos an lucht taistil agus do thionlaic sé godí an sráid-bhaile iad.

10. Do scaradar lena chéile ina dhiaig sin gan éinní do rádh. Dubhradar an lucht taistil ina n-aighe féin, ámh : Amadán an t-eolaidhe sin, ach ó tharla nách le haon droch-intinn a chuaidh sé amú ach trí easba céille, agus ó tharla fós go raibh eagla mór air féin, scaoilimís uainn i síocháin é; is fearr an togha a dhéanfidís an chéad uair eile.

11. Ach sé rud adubhairt an t-eoluidhe ina aighe féin ná : Do chuas amú agus ba ró-dhóbair dosna daoine macánta san an bás a bheith acu; ní bhainfad le heolas a dhéanamh do dhuine ar bith arís.

12. O thuitim an lucht taistil sin sa pholl godí n-a bhfuascailt ní raibh aon chaint ar siúl acu.

13. An bhliain ina dhiaig sin do thuit lucht taistil eile agus eoluidhe eile isteach sa pholl chéadna san agus do chuireadar rómpa iad féin dfuascailt ar an gcuma gcéadna.

14. Ach d'éirig argóint eatorra i dtaobh cé bheadh in íochtar acu, mar níor theastuig ósna tíarnaíbh a ngiollaí d'iompar ar a nguaillibh agus bhí eagla ar na giollaí go dtréigfadh na tiarnaí iad an túsce na mbeidís lastuas.

15. Agus bhí eagla orra go léir an t-eoluidhe do leigint uatha, mar nuair a bhíodar i bhfeirg leis mar gheall ar an mbotún a dhein sé thugadar tarcuisne dhó

agus do ghabhdar air; agus chuireadar fhiachaint air na mionna dubha thabhairt go bhfillfadh sé.

16. An túisce na dtáinig sé amach do dhein sé machtnamh dó féin agus as an machtnamh san dubhairt sé leis féin: Droch-dhaoine iad san agus tá feall acu á bheartú am choinnibh; agus ó ná fuil iontaoibh acu asam fágfad sa pholl iad. Agus d'imigh sé leis abhaile.

17. Agus bhí an lucht taistil sin ansan ar feadh roinnt laethanta agus an t-ocras ag cur orra go dian, godí gur thárla do roinnt daoine teacht an treo san agus iad do tharang aníos.

18. Ar éigin a bhí cead a gcos acu nuair ba mhaith le cuid aca dul ar aghaidh agus le cuid eile an t-eoluidhe fealltach do chuardach agus díoltas d'agairt air. D'éirig eatorra mar sin agus do scaradar lena chéile.

19. D'imig an chuid aca ba mhó fearg agus ag imeacht dóibh bhíodar ag tabhairt na mionn agus ag bagairt díoltais ar an eoluidhe; agus in aindeoin a gcuid achuingheacha ní bhfuaradar éinne dhéanfadh eolas dóibh, ar ór ná ar airgead.

20. Maidir leis an eolaidhe fealltach, do dhearbhuigh sé go hárd nárbh air a bhí an locht mar gur uatha féin a chuaidh an lucht taistil amú; agus, chun a thespáint go raibh eolas na mbóthar go maith aige do ghaibh sé air féin eolas a dhéanamh do dhaoine eile. Agus do ráinig gur dhein sé an tubaiste arís.

21. Agus níor stad an mhuintir sin ach ag déanamh aighnis ón uair a thuitedar isteach sa pholl godí go dtánadar as.

XVII.

1. Mar a bhí Pobal Dé san uaigneas gainmhe, sin

mar atáthaoi-se ar bhur n-oilithreacht ar an dtalamh iasachta.

2. Ar an oilithreacht daoibh, seachnaidh agus ná bídh ag gearán ná ag gluaireán ná ar uireasa creidimh, óir is peacaí na nithe sin.

3. Is eol daoibh, nuair a bhí Pobal Dé ag teacht tharnais go tír a sinsear, godí an Tír Bheannuithe, go rabhdar ar oilithreacht san uaigneas, agus go dtáinig tuirse chroidhe ar a lán aca, agus go ndubhradar: Téimis tharnais go hEipt. Beimíd i dtír na daoirse ansan ach beidh flúirse feola agus inniún againn ann.

4. Agus deir an Scríbhinn Diadha gur ghlac Dia fearg chucha agus gur chuir sé oilithreacht an náisiúin i bhfaid, godí go raibh an uile dhuine de lucht an ghluaireáin marbh san uaigneas; óir ní raibh tuillte ag éinne aca an Tír Bheannuithe dfeiscint.

5. Is eol daoibh go raibh daoine ar Phobal Dé gan creideamh aca ina bhfaigibh agus go ndubhradar: Ach conus a bhainfimid amach talamh ár n-aithreacha agus ríthe comhachtacha agus cineacha mar chineacha na bhfathach in ár gcoinnibh.

6. Agus deir an Scríbhinn Diadha go raibh fearg ar Dhia mar gheall ar a n-easba creidimh agus gur chuir sé oilithreacht an náisiúin i bhfaid arís, godí go raibh an uile dhuine de lucht an amhrúis marbh san uaigneas; óir ní raibh i ndán d'éinne aca an Tír Bheannuithe dfeiscint.

7. Agus do cailleadh ar an gcuma san ní hamháin lucht gluaireáin agus amhrais a dhéanamh go hárd ach fós an mhuintír a choimeád an gluaireán agus an easba creidimh istig ina gcroidhe; óir léan Dia an croidhe mar a léfadh duine leabhar ar oscailt, bíodh gur leabhar dúnta do shúilibh daoine é.

8. Staonaidh dá bhrí sin ó pheaca an ghluaireáin agus an amhrais ionnus ná cuirfar laethanta bhur n-oilithreachta i bhfaid.

9. Agus díreach mar a bhí lucht pláighe i longphort an Phobail Toghtha, daoine go raibh lobhra orra no claimhe, táid lucht pláighe ar bhur measc-sa, leis, sé sin le rádh, droch-Pholannaig. Fanaidh amach uatha, mar tá a ngalar níos tógálaighe ná an lobhra ! Sidiad comharthaí an ghalair sin :

10. Ní chreidean an lobhar in aiséirghe na Polainne bíodh go mbéidir gur dhein sé comhrac ar a son agus go bhfuil sé ar oilithreacht ar a son. Agus nochtan sé a ghalar le caint den tsórt so : Bhí 's agam ná raibh san éirghe amach ach dícéille, ach do throideas go calma ar son cúis an éirithe amach mar a dhéanfadh dea-shaighdiúir; tá's agam nách féidir an Pholann dfuascailt, ach fanfad ar an oilithreacht mar a dhéanfadh fear onóra.

11. Chó luath is chloisfir a lithéid sin de chaint, dún do chluasa agus imig, agus innis dosna Sinsearaibh é; agus más breitheamh an lobhar cuirfid siad as a shuidhchán breitheamhntais é, agus bainfid siad an *czamara* dhe agus déarfid siad leis machtnamh a dhéanamh ina thig féin ar feadh roinnt laethanta.

12. Agus i gceann na laethanta san féachfid siad a bhfuil sé leighiste agus creideamh agus grásta arís aige: agus má tá sé leighiste agus go bhfuil a pheaca tréigthe aige, fógróid siad glan ón lobhra é agus leigfar isteach i gcumann na nOilithreach arís é.

13. Ach maran slán fós dó agus go bhfuil an chaint chéadna ar siúl aige, cuirfid na Sinsir comhartha air, ghá fhógairt go bhfuil sé nea-ghlan. Agus caithfidh

gachéinne coimeád as a radharc agus a' raon foghair a ghotha; óir ní dea-shaighdiúir ná fear onóra é ach baothaire agus cuirptheach.

14. Agus má chuaidh sé i bhfriothghuin an chatha, féin, do chuadar súd i bhfriothghuin an chatha, leis: an capall go ndeachaidh an Krakus anáirde ar a mhuin agus go raibh na spuir á dtabhairt do, agus an capall a bhí gofa fén ngunna mór agus a comáineadh ar aghaidh leis an bhfuip. An amhlaidh atá sé dleathach dea-shaighdiúir a thabhairt ar chapall?

15. Agus má deir an lobhar gur throid sé thar ceann onóra, deir an t-oifigeach Moscobhíteach, leis, go dtroidean sé thar ceann onóra; agus an tIodáileach a ropan a mheadóg tré n-a namhaid mar dhíoltas air, deir seisean, leis, go ndéinean sé a chuid onóra do dhíogailt; ach cad a chialluighean an bhaoth-onóir íodha-adharthach san?

16. Go deimhin, adeirim libh, an saighdiúir a dheinean troid, gan creideamh aige i gceart a chúise, níl ann ach beithíoch allta, agus an taoiseach a sheolan a bhuidhean chun catha, gan creideamh ina chúis aige, foghluidhe isea é.

17. Troidean an lobhar ar láthir an chatha agus marbhuighean sé dhá namhaid. Nuair fhillean sé ar a chábán cuirean sé na saighdiúirí ar a n-aimhleas agus imirean sé bás anama ar dheicniúr acu.

18. Tá sé ar nós an té a théan chun an teampaill agus a leigean é féin ar a ghlúinibh, agus a thagan a bhaile ansan chun magaidh a dhéanamh fé Dhia agus fén gcreideamh i láthir a chlainne.

19. Agus má deir sé ná fuil iompar agus gníomh ar aon dul le smaoineamh agus le briathar, ní shaoran

san é; óir is féidir peaca mór a dhéanamh i gcoinnibh na hathardha le bríathar agus le smaoinreamh, agus ní raghaidh aon pheaca desna peacaíbh sin gan díol as.

20. Siniad na slithe ina gcuirfe sibh i gcoinnibh na lobhar ar an oilithreacht Pholannach.

XVIII.

1. Táthaoi i lár na n-eachtrannach mar a bhí na haspoil i lár lucht na n-íodhal d'adhradh.

2. Ná glacaidh fearg chun lucht na n-íodhal; buailidh-se leis an mbriathar iad agus buailfid daoine eile leis an gclaidheamh iad. 'Siad daoine bhuailfidh iad ná na Giúdaíg nó lucht an tseannreacht 'na bhfuil urruim aca dArdchomhacht an Phobail agus do Chó-ionannus agus don tSaoirse. Tá fuath aca do lucht na n-íodhal, ach níl aon ghradh aca don chomhursain, agus do cuireadh iad chun íodhal-adharthacha Chanaan do dhísciú.

3. Agus réabfid siad na híodhail agus tabharfid siad breith ar lucht na n-íodhal do réir dhlí Mhaoise agus Iosua agus Robespierre agus Saint-Juste, ghá ndísciú, ón naoidhean ar cích godí an seanóir, ón mbeithíoch mór godí an gadhairín; óir, má tá a nDia, ar a dtugtar Ardchomhacht an Phobail, má tá sé ceart tá sé borb agus mar bheadh teine chraosach.

4. D' éirig Críost agus a dhlí imease na nGiúdach, in a bpríomh-chathair, agus sin mar éireoidh bbur ndlí-se, dlí nua na hÍbeartha dhéanamh de dhuine féin, dlí an ghráda, i bpríomh-chathracha na saor-Eorpach.

5. Oir is costúil Sasana agus an Fhrainc le hIsrael agus le Iúda. Dá bhrí sín, má chloisean sibh na Liberálaig ag aighneas i dtaobh dhá thigh feise, nó

i dtaobh tigh feise do thiarnaibh, nó i dtaobh tigh feise do theachtairibh toghtha, nó i dtaobh modh an toghtha, nó i dtaobh lucht pinsin an rí, nó i dtaobh saoirse na bpáipéar nuachta, ná deinidh iongna dá n-eagna: isí eagna an tseannreachta an eagna san.

6. Fairisínig agus Saducínig isea an mhuintir a bhíon ag díospóireacht ar an dTref agus ar an gKocher, ar ghlan agus ar nea-ghlan, agus ná tuigean cad a bhaineann le grádh do thabhairt don fhírinne agus le bás dfáil ar a son.

7. Nuair a chloisfid siad sibh ag labhairt ar Dhia agus ar Shaoirse taréis teacht adtuaidh dóibh, éireoid siad ar buile agus árdóid siad a nglór fé mar a dheinedar na hollamhain i gcoinnibh Chríost nuair acubhradar: Cá dtáinig an méid sin eolais chun mic an tsiúinéara? Agus conus is féidir fáidh a theacht a' Nasaret? Agus conus a leomhan sé sinne do mhúine, sinne, na sean-ollamhain?

8. Agus nuair a labharfid siad ar bhur gcoga chun slánuithe na náisiún, ní shéanfid siad in aon chor gur dheiniúir go maith, ach déarfí siad ná raibh an t-am oireamhnach, fé mar a dheinedar na hollamhain nuair a chasadar le Críost gur leomhaig sé daoine do leigheas lá na sabóide, ghá rádh: Bhfuil sé ceaduithe leigheas do dhéanamh ar an sabóid? Bhfuil sé ceaduithe coga do chur ar an Rúis in am síochána na hEorpa?

9. Má thugaid siad déirc do bhaintreachaibh agus do dhílleachtaibh na Saoirse, do bhaintreachaibh agus do dhílleachtaibh na Spáinneach agus na bPortuingeulach agus na nIodáileach agus na bPolannach, tugaid siad uatha é le mórán gleo insna có-thionólaibh, mar a dheinidís na Fairisínig.

10. Agus má thugaid siad éinní dá n-athardha féin bíd siad ag díospóireacht féachaint an mór ba cheart dóibh a thabhairt uatha do réir dhlí.

11. Ach tá a mhalairt de dhlí agaibhse, óir deirthe-se: Leis an athardha an uile ní is linne, agus leis na saor-aicmíbh an uile ní is leis an athardha.

12. Deirid na Sasanaig, a ghrádhán an tSaoirse do réir an tseannreachta: Bainimís an fharaige den Fhrainc arís, mar a bhain Israel na cathracha dIuda; agus deirid Francaig an tseannreachta: Bainimís bruacha na Ríne den Ghearmáin arís; agus deirid na Gearmáinig: Bainimís-na bruacha na Ríne den Fhranc; agus mar sin dóibh sa timpal. Siné cúis go n-abraim libh go bhfuilid siad gan chiall agus go bhfuil galar an íodhal-adhartha orra, adhradh Bhaal agus Mhoioch agus Chó-thruime.

13. Oir, na cuanta agus na faraigí agus na mórthíortha isiad oighreacht na saor-aicmí iad. A dtroidean an Lítuáineach leis an bPolannach mar gheall ar theorainn Niémen nó mar gheall ar Ghrodno nó mar gheall ar Bhialystok? Siné cúis na n-abraim libh gur chóir don Fhrancach agus don Ghearmáineach agus don Mhoscobhíteach bheith ar nós an Pholannaig agus an Lítuáinig.

14. Tháinig fear fiain, tráth, in éineacht lena mhnaoi agus lena chlainn, go tigh tréigthe. Nuair a chonaic sé na fuinneoga dubhairt sé: Beidh mo bhean ag féachaint amach tríd an bhfuinneog sin agus mise a féachaint amach tríd an bhfuinneog seo agus beidh an tríomhadh fuinneog ag am mhac. Dheinedar amhlaidh agus, nuair a bhíodar ag fágáil na bhfuinneog, do dhein gach duine aca a fhuinneog féin do dhúnadh

suas, mar a dheunfadh duine fain ar bith, i dtreo ná beadh ag an gcuid eile an solus ba leis féin. Ach ní raibh fuinneog ar bith ag an gcuid eile den líntighe.

15. Agus dubhairt an fear allta : Agam féin amháin a bheidh teas na teine seo—mar ní raibh ann ach aon teinteán amháin—deineadh gachéinne eile teine chur síos dó féin. Agus dubhairt sé ar ball : Deinimís dorus insna fallaí do gach duine. Agus do loitedar an tig ar an gcuma san, agus ba mhinic iad ag tróid mar gheall ar an solus, agus mar gheall ar an dteas, agus mar gheall ar theorantaibh na seomraí.

16. Siné an rud a dheinid náisiúin na hEorpa : Bíon formad aca lena chéile mar gheall ar cheannuiacht na leabhar agus mar gheall ar cheannuiacht an fhíona agus an chadáis, agus nách fios dóibh gur le haon tig amháin, leis na saor-aicmíbh, gach léann agus gach saibhreas.

XIX.

1. Tá cuid agaibh a bhíon ag caint ar uaisleacht agus ar choitiantacht agus ar nithibh eile bhaineann leis an seannreacht; tá siad-san ag dul amú ar nós na gcéad-Chríostuithe a bhíodh ag caint ar thimpal-ghearradh agus ar nighe lámh.

2. Ní thríd an seannreacht a slánófar na náisiúin ach tré mhór-luacht an Náisiúin Chéasta, agus baistfar in ainm Dé agus na Saoirse iad. Agus an té a baistear ar an gcuma san is bráthair daoibh é.

3. Ná deinidh oiread díospóireachta ar na dlithibh. Is oibligáidí na dlithe agus is lucht iasachtaí do ghlacadh na rialtaisí agus estáit isea an Athardha. Dá mhéid saint agus gliocas an té a gheibheann iasacht isea is daingne ceangailtear e; ach bíon iontaibh againn

as athair agus as bráthair gan aon urrús do chur orra.

4. Bídh macánta, da bhrí sin, mar a bhí na hAspoil, agus beidh iontaoibh ag na náisiúin asaibh, agus an ní a chuirfe sibh ar bun, be sé ina dhlí ní hamháin daoibhse ach do gach saor-aicme chó maith.

5. Ná deinidh oiread aighnis i dtaobh cadé an saghas rialtais a bheidh agaibh sa Pholainn. Na rialtaisí bhíon ag aighneas ní hiad san is fearr ach iad súd is láine den spiorad úd na híbeartha agus is láidre mhothuighean ina gcroidhe é.

6. Dílleachtuithe áirithe a bhí ag lorg oide chun tabhairt suas do chur orra agus chun aireachais a thabhairt dá gcuid, do luighdar súil ar chomhursain a bhí go maith chun bainistighe ach a bhí ró-shanntach, fear go raibh mórán airgid cnósta aige. Bhí sé amuich air gurbh fhear gasta é ach ná ouireadh se suim ach ann féin amháin, agus dá bhrí sin dubhairt na dílleachtuithe : Ní hé a lithéid sin a theastuighean uainn mar do dhéanfadh sé saibhreas dó féin as ár gcuid-na.

7. Agus dféachadar chun comhursan eile go raibh leabhair scríbhte aige ar bhainistighe ach ná raibh aon rath ar a ghnó féin. Ní hé a lithéid sin a theastuighean uainn, arsa na dílleachtuithe, mar bheadh sé ag baint trialacna as ár gcuid-na.

8. Ach d'airighdar trácht ar fhear bhocht do chaill mórán ag cosnamh cúis na mbaintreach agus na ndílleachtuithe, agus dubhradar : Déanfa sé sin an gnó.

9. An rialtas a thiocfadh, be sé cúltha ar chuma na hóráide a labhran duine den Chomhairle.

10. Ag dul isteach sa Chomhairle náisiúnta don fhear chliste machtnuighean sé ar conus a óráid a leagadh amach, machtnuighean sé ar cad a chuirfe sé

i dtosach agus i lár baili agus sa deire; óir is mar sin a múineadh dó é ar scoil; ach toisc gan a chroidhe bheith sa chúis náisiúnta, bíodh go mbeidh a chomhrádh leagtha amach go healadhnta, be sé gan éifeacht; imeo sé agus ní bheidh cuimhne air.

11. Ach an fear ionraic, ag dul isteach sa Chomhairle dhó, bíon a chroidhe lán de ghrádh don athardha; mothuighean sé fírinne an ní a bhíon aige le rádh agus labhran sé gan cuimhneamh ar órdú a chainte, ach ina dhiadh san bíon an chaint dea-órduithe agus cuirid na luath-scríneoirí síos í mar shompla do dhaoine eile, agus bíon iongna air féin gur labhair sé chó ciallmhar.

12. Is mar sin a dhéanfid na reachtairí, lán de ghrádh don athardha, suidhcháin bhreitheamhntais do chur ar bun sa tír, do réir riachtanaisí na tíre, agus rialófar an tír go maith; molfid náisiúin eile an rialú san agus déanfid siad aithris air.

13. An République atá agaibhse le cur ar bun is cosúil é leis an gcoill a chuirfadh fear tuatha.

14. Má chuirean an fear tuatha síol maith in ithir mhaith, ní miste dhó deimhin a dhéanamh de go dtiocfid na crainn agus ní gá dhó bheith ag cuimhneamh ar cadé an crot a bheidh orra ná eagla bheith air go mbeidh deilgne ar na crannaibh daraighe ná duilliúr ar na crannaibh giumhaise.

15. Uime sin cuiridh grádh na hathardha agus spiorad na híbeartha agus deinidh deimhin de go bhfásfidh République mór áluinn asta.

XX.

1. Do thuit bean i bhfanntais lá agus do chuir a mac fios ar na dochtúirí.

2. Thánadar san agus dubhradar: Toibh amach duine againn chun aireachais a dhéanamh uirri.

3. Deunfadsa ar mhodh an Bhrúnaig é, arsa duine acú. Níl aon mhaith sa mhodh san, arsa cách. Bfearr dhi fanúint sa bhfanntais agus bás dfáil ná cóir an Bhrúnaig do thriáil uirri.

4. Déanfadsa í leigheas ar shlí Hanneman, arsan tarna duine. Slí gan mhaith an tslí sin, arsa cách. Bfearr dhi bás dfáil ná slí Hanneman do thriáil uirri.

5. Is cuma liom conus a dhéanfa sibh é ach í leigheas, arsan mac. Ach níor fhéad na dochtúirí teacht ar aon aigne; ní ghéillfidís dá cheile in aon chor.

6. Ansan do ghlaoidh an mac, le corp dóláis agus éadóchais; O, a mháthair! Agus le guth an mhic tháinig sí chúichi féin Máithreach agus bhí sí ar láimh shábhála. Do díbreadh na dochtúirí.

7. Tá daoine agaibh adeir: Fanadh an athardha fé dhaoirse níos túisce ná a haiséirghe do theacht tríd na huaisle; agus tá daoine eile adeir: Fanadh sí mar sin níos túisce ná a haiséirghe do theacht tríd an gcoitiantacht; agus tá daoine eile fós adeir: Fanadh sí mar sin níos túisce ná na teoranta so nó na teoranta úd do bheith aici. Ní clann mhac iad san. Dochtúirí iad go léir agus níl aon ghrádh aca dá máthair, don athardha.

8. Deirim libh go deimhin: Ná fiarfuighidh cadé an rialtas a bheidh sa Pholainn agaibh; cá beag daoibh a fhios a bheith agaibh go mbe sé níos fearr ná iad súd uile is eol daoibh; ná bíodh aon cheist oraibh i dtaobh na dteorann, mar beid siad níos sia amach ná bhíodar aon uair riamh.

9. In anam an uile dhuine agaibh tá síol na ndlithe

atá le teacht agus tomhas na dteorann a bheidh ann.

10. Dá mhéid a chuirfe sibh bhur n-anam i bhfeabhas agus i méid isea is mó an feabhas a bheidh ar bhur ndlithibh agaibh agus is sia amach a bheidh bhur dteoranta agaibh.

XXI.

1. Is eol daoibh cad deir na Giúdaig agus na Cigáinig agus an mhuintir go mbíon aigne an Ghiúdaig agus an Chigáinig acu: An áit ina mbítar go maith as, is ann atá an Athardha. Ach is amhlaidh adeir an Polannach leis na náisiúin: An áit ina mbítar go haindis, is ann atá an Athardha; óir, aon áit san Eoraip ina mbíon an tSaoirse fé leattrom agus ina ndéantar comhrac ar a son, is ann a déantar comhrac ar son na hAthardha, agus ba chóir do chách dul ag troid ann.

2. Deirtí leis na náisiúin anallód: Ná cuiridh uaibh bhur n-airm chosanta faid a bheidh fód dbhur bhfearann fén namhaid; agus deir sibhse leis na náisiúin: Ná cuiridh uaibh bhur n-airm chosanta faid a bheidh fód de thalamh na saoirse fé annsmacht.

3. Óir cosnan an Francach agus an Sasanach agus an Gearmáineach a sealbhas agus is fuath leo a namhaid. Ach mar sin féin nuair a ghabhaid siad amach imeasc na bpobal ní thagaid na daoine amach ina gcoinnibh ag cantainn doibh.

4. Ach tiocfid siad in bhur gcoinnibh-se ag déanamh áthis agus ag cantainn bhur n-amhrán daoibh; óir tuigfid siad ina gcroidhe gur ar son Saoirse an domhain a dheinean sibh troid.

5. Dá bhrí sin deirim libh le fírinne, muna mbeidh bhur meas ar an Saoirse agus bhur ndílse dhi níos

iomláine ná meas agus dílse na bhFrancach agus na nGearmáineach agus na Sasanach, ná ragha sibh isteach in bhur nAthardha arís.

6. Dubhairt Críost le pobal tofa Dé: Tusa, a phobal Abrahaim, mara leana tú mé, diúltóidh Dia dod shliocht, agus déanfa sé clann mhac dAbraham desna clochaibh féin; agus cialluighean san go ndéanfaidh sé Críostuithe desna Gréagaibh agus desna Rómhánaibh.

7. Deir an Polannach leis na Francaig agus leis na Sasanaig: Sibhse, a chlann na Saoirse, mara leana sibh me, diúltóidh Dia dbur sliocht, agus déanfa sé lucht cosanta don tSaoirse desna Moscobhítig agus de mhuintir na hAisia.

8. An té ná freagróidh glaoch na Saoirse, díbreofar a' radharc na Saoirse é.

9. Banríoghain a bhí ann, tráth, do chuir sí saigh-diúir i gceannus a sló agus dubhairt sí leis: Ma bheirean tú bua ar mo namhdibh go léir bhéarfad duit leath mo ríochta, agus bead féin am mhnaoi agut.

10. Agus chuaidh sé chun cogaidh, i gceann na sló, in ainm na banríona, agus do bhuaidh sé ar a namhaid agus do tháinig sé chun gradaim agus comhachta.

11. Agus dubhairt sé leis an mbanríoghain: Tá an t-am ann, a ríogan, chun sinn a phósadh agus chun me dhul i réim gan cosnamh. Ach dubhairt sise: Níl an t-am ann fós, mar níl mo namhde go léir treascairtha fós agat.

12. Agus dubhairt an rí féinne agus fearg air: Feuch, táim ag dul in aois agus i raímhre agus tá orm bheith i gcomhnuí ag déanamh cogaidh do mhnaoi; is fearr dhom cur fúm ar mo thalamh féin agus mo

shuaimhneas do ghlacadh. Agus do dhein sé amhlaidh agus dfág sé an chríoch gan cosnamh. Agus do chruinnig an namhaid cúnamh agus tháinig sé isteach ar thalamh an rí féinne agus do dhírigh sé ar bheith ghá argain.

13. Agus d'éirigh an rí féinne agus do chuaidh sé ag triall ar na daoine agus bhí sé ag glaoch : Glacaidh bhur n-airm ! Leanaidh me chun mo chuid tailimh do chosaint mar a leanúir me fadó agus a bhíodh an bua againn.

14. Ach dubhradar san : Agus cé hé thusa, a bhriolláin, go ndéanfimis tu leanúint agus do chuid tailimh do chosaint duit ? Do leanamair tu fadó nuair a ghlaodhais orainn in ainm na banríona ach ní rí féinne anois tu. Níl ionat ach duine mar chách. Agus do dhiúltuighdar dó.

15. Oir bhí an bhanríoghain taréis saighdiúir eile thogha amach cheana féin. Dhein rí féinne den tsaighdiúir sin, agus bhíthas umhal dó, agus do rug sé bua.

16. Agus isí an tSaoirse an bhanríoghain sin agus isí an Fhrainc ba rí féinne aici.

XXII.

1. Ar an oilithreach daoibh nuair a thiocfa sibh isteach i gcathir, beannuighidh don chathir sin agus abraidh : Ar Saoirse go raibh agaibh. Má ghlacaid siad sibh agus éisteach libh beid siad saor ; ach má bhíon droch-mheas acu oraibh agus ná héistfid siad libh agus go gcomáinfid siad chun siúil sibh, fillfidh bhur mbeannacht oraibh féin.

2. Agus nuair fhágfa sibh an chathir nó an tír ina

bhfuil an mhallathacht agus an daoirse agus lucht na n-oifigí in uachtar ann, crothidh an ceo dbur mbrógaibh, agus deirim libh le fírinne, is saoire bhí an scéal ag Toulon nó ag Nanfēs nó ag Lyons i laethibh na Có-dhála ná mar a bheidh ag an gcathir sin i laethibh Có-chumann na hEorpa.

3. Oir, nuair a bheidh an tSaoirse ina suidhe i bpríomh-chathir an domhain isea thabharfa sí breith ar na náisiúnaibh.

4. Agus déarfa sí leis an gcéad náisiún: Féach, thugadar foghluithe fúm, agus do ghlaodhas ortsa, a náisiúin, chun blúire iarainn agus lán doirn de phúdar do shíneadh chugam chun mé féin do chosaint, agus thugais dom tráchtas i bpápear nuachta. Agus déarfídh an náisiún i bhfreagairt: Cathin a ghlaodhais orm? Agus freagróidh an tSaoirse, á rádh: Do ghlaodhas ort tré bhéal na n-oilithreach so, agus níor thugais cluas dom; imig, dá bhrí sin, chun daoirse, mar a mbeidh feaduíol na sciúirse, agus fuaim na bhfógraí ndian agus iad ag bualadh ar a chéile.

5. Agus labharfídh an t-Saoirse leis an dara náisiún mar seo: Bhíos i nguais agus d'iarras cúnamh ort, agus tearmann do dhlithe, agus níor dheinis ach reachtaí do stealladh liom. Agus freagróidh an náisiún agus déarfídh: A ríogan, cathin a tháinís chugam? Agus freagróidh an tSaoirse: Thánag chugat i riocht na n-oilithreach so, agus thugais tarcuisne dhom; imig, dá bhrí sin, chun daoirse, mar a mbeidh feaduíol na sciúirse, agus fothram na bhfógraí ndian agus iad ag bualadh ar a chéile.

6. Le fírinne adeirim libh go mbeidh bhur n-oilithreach in a ceap tuisle dosna Comhachtaibh.

7. Do chaithedar na Comhachta uatha an chloch a bhí agaibhse i gcóir foirgnimh na hEorpa, agus féach, déanfidh den chloich sin cloch chúinne agus cloch eochrach dfoirgneamh na haimsire atá le teacht, agus an té ar a dtuitfidh an chloch meilfar é, agus an té a bhuaifidh ina coinneibh, tuitfe sé ar lár.

8. Agus ní fhanfidh cloch ar muin chloiche de thigh mhór polaitíochta na hEorpa.

9. Oir, aistreofar suíchán na Saoirse.

10. A Ierúsalem, a chuirean chun báis na daoine a labhran ar shaoirse, cuirean tú chun báis do chuid fáigí; agus an pobal a chuirean a gcuid fáigí chun báis, buailid siad buille sa chroidhe orra féin, mar a dhéanfadh fear buile nó fear a thabharfadh anchor air féin.

11. Tiocfidh leattrom mór ar Iúda agus ar Israel.

XXIII.

1. A rialtóirí na Fraince agus a lucht teagaise na Fraince, a bhíon ag caint ar Shaoirse agus a dheinean fónamh don tíorántacht, caithfar sibh isteach idir bhur náisiún agus an tíorántacht iasachta fé mar a caittear an barra fuar-iarainn isteach idir an inneoin agus an t-órd.

2. Agus be sibh dbur mbualadh agus an dríodar agus na spréacha a bainfar asaibh léimfid siad go críochaibh an domhain, agus déarfid na náisiúin: Dar fia ach gur geall le bualadh i gceártain ifrinn an mór-bhualadh atá ar siúl ansan.

3. Agus screadfa sibh ar an órd, sé sin, bhur náisiún: A náisiúin, maith dhúinn agus stad den bhualadh, óir do dheineamair trácht ar Shaoirse. Agus

déarfadh an t-órd: Bfada ó chéile gníomh agus caint agaibh. Agus beidh tuille fuinnimh leis an órd ag teacht anuas ar an mbarra arís dó.

4. Agus screadfa sibh ar an dtíorántacht iasachta, sé sin, ar an inneoin bhodhair, agus déarfa sibh: A thíorántacht, do dheineamair seirbhís duit, bain det chruadas; bí ar oscailt, go dtéimid i bhfolach ar an órd. Agus déarfadh an tíorántacht: Bfada ó chéile gníomh agus caint agaibh. Agus iompó sé drom fuar cruaidh libh, agus beidh an barra dá bhualadh agus dá ath-bhualadh go mbe sé thar aithint.

5. A rialtóirí Shasana agus a lucht teagaisc Shasana, bíon sibh lán d'uabhar mar gheall ar an mbunadh dár díobh sibh agus deirthí: Tiarna ab ea mo shean-athir agus rí ab ea mo shin-sean-athir. Dá bhrí sin bíodh caradas agus muintearthas againn lenár gcomhursain, ríthe agus tiarnaí na hEorpa. Ach féach tiocfadh an lá 'na screadfa sibh ar bhur náisiún: Comaraighe ar n-anama ort! Oir, ní raibh rí ná tiarna ná fu amháin *esquire* ar ár gcine riamh.

6. Agus sibhse, a cheannuithe agus a shiopadóirí an dá náisiún, atá lán de dhúil san ór agus sa phápéar a thugan ór isteach chugaibh, do chuiríúir amach bhur gcuid chun na Saoirse do bhrúth fé chois, ach tiocfadh an lá agus lighfe sibh agus cognó sibh pápéar agus ní chuirfadh éinne arán ná uisce ag triall oraibh.

7. Do chualúir trácht ar aimsearaibh gorta a bhí chónaigh sin gur ithedar máithreacha a leanbhaí féin; ach is scanrúil an t-ocras a bheidh oraibhse: deirim libh go mbainfe sibh na cluasa dhíbh féin agus bhur gcomhursanaibh agus go ndéanfa sibh iad do bheirbhiú agus d'ithe. Oir, dáltha na gcuirptheach, tá tuillte agaibh gan cluasa bheith oraibh.

XXIV

1. Siniad Leabhar an Náisiúin Pholannaig agus Leabhar na nOilithreach bPolannach, leabhair nár ceapadh, ach a cnósadh a' leabhraibh seanchuis na Polainne, agus a' scríbhinníbh, agus ó bhéal-oideas, agus ó theagosc Polannacha a bhí diadha agus dílis don athardha, idir mhartair agus confesóirí agus oilithrig; agus i dteannta an méid sin tá ionta nithe áirithe a tháinig le hanál ó ghrástaibh Dé.

2. Bídh á léamh, a chó-shaighdiúirí dílse, agus na daoine is sinsir oraibh, ar a dtugan sibh fó-oifigig nó lucht ionaid, deinidís iad do scrúdú agus do mhíniú dhaoibh.

3. Oir, tá bhur dtaoisig mar bheadh daoine go mbeadh lán tighe clainne acu agus nárbh fholáir dóibh féachaint chun na leanbhaí agus chun an tighe agus chun a ngnóthí go léir.

4. Ach táid na fó-oifigig mar bheadh buimí agus cailíní aimsire dosna saighdiúirí óga agus bíd siad ina n-aice do ghnáth chun iad do chosnamh.

5. Tá cogadh na náisiún tosnuithe acu agus, le cúnamh Dé, críochnóid siad fé mhaise é. Amen.

GUIDHE AN OILITHRIG

A Thiarna Dia an uile chomhacht! Táid clann chine calma agus a lámha gan arm sínte amach chugat ón uile pháirt den domhan. Glaodhaid siad chugat a' doimhin na mianach i Sibéria, agus ó lár an tsneachtaidh i gCamscatca, agus ó mhachairíbh na hAilgéire, agus ó thalamh iasachta na Fraince. Agus i dtír ár n-athardha, an Pholann dílis, níl sé ceaduithe glaoch ort! Ach ár seanóirí, agus ár mbantracht, agus ár leanbhaí, táid siad ag guidhe chugat istig ina n-aigne agus iad ag sileadh deor! A Dhia na nIagellónach! A Dhia na Sobiesciach! A Dhia na gCosciuscach! Dein trócaire orainne agus ar ar n-athardha. Tabhair dhúinn ár nguidhe do chur suas chugat arís, ar nós ár sinsear, ar láthir an chatha, agus airm nár lámhaibh againn, os comhair altórach de dhromaibh agus de ghunnaibh móra, fé chanóipe ár meirgí agus ár mbratach; agus tabhair dhúinn ar dtuismitheoirí bheith ag guidhe chugat i dteampallaibh ár gcathrach agus ár sráid-bhailte agus ár gclann do bheith ag cur a n-úrnuithe chugat os cionn ár dtuamaí.

Ach mar sin féin ná déantar mar is toil linne ach mar is toil leatsa. Amen.

LIODAN NA NOILITHREACH

A Thiarna, dein trócaire orainn; a Chríost, dein trócaire orainn.

Ar nAthir, a fhuascail do phobal a' daorbhroid na hEigipte agus do sheol tharnais isteach sa Tír Bheannuithe iad,

Beir tharnais chun ár dtíre sinn.

A Mhic Dé, a Shlánathoir, a céasadh agus a tarnáladh ar chrois, agus d'éirig ó mharbhaibh agus atá ag rialú i nglóire,

Tóg ár n-athardha ó mharbhaibh.

A Mháthir Dé, ar a dtugadh ár sinsear Banríoghain na Polainne agus na Lituáine,

Saor an Pholann agus an Lituáin.

A Naomh Stanaslás, a phatrúin na Polainne,

Guidh orainn.

A Naomh Casimir, a phatrúin na Lituáine,

Guidh orainn.

A Naomh Seosaphat, a phatrúin na Rúisianach,

Guidh orainn.

A chosnamhuithe naofa uile ár Républic,

Guídhidh orainn.

A' daorbhroid na Moscobhíreach agus na nAustrianach agus na bPrúisíneach,

Fuascail sinn, a Thiarna.

Ar son martra an deich fichhead míle laoch do thuit ag Bar thar ceann crēidimh agus ar son saoirse,

Fuascail sinn, a Thiarna.

Ar son martra an fiche míle duine de chathir Phrága
a dúnmharbhaigheadh thar ceann creidimh agus ar
son saoirse,

Fuascail sinn, a Thiarna.

Ar son martra na Lituáineach n-óg do marbhaigheadh
le bataíbh insna mianaig agus i dtíorthibh iasachta,

Fuascail sinn, a Thiarna.

Ar son martra na nOsmianach do básuigheadh insna
teampaill agus insna tithe,

Fuascail sinn, a Thiarna.

Ar son martra na saighdiúirí gur ghearradar na
Prúisínig a scórnacha ag Fischau,

Fuascail sinn, a Thiarna.

Ar son martra na saighdiúirí a sciúrsáladar na
Moscobhítig chun báis i gCronstadt,

Fuascail sinn, a Thiarna.

Ar son fola na saighdiúirí uile do thuit sa chogadh
thar ceann creidimh agus ar son saoirse,

Fuascail sinn, a Thiarna.

Ar son créachta agus deora agus pianta na
bprísúnach agus na ndíbearthach agus na n-oilith-
reach go léir ón bPolainn,

Fuascail sinn, a Thiarna.

Cogadh mór thar ceann saoirse na gcineacha,

Iarraimid ort, a Thiarna.

Airm do chur in ár lámhaibh agus ár mbratach do
thógaint anáirde,

Iarraimid ort, a Thiarna.

Bás glórmhar ar láthir an chatha,

Iarraimid ort, a Thiarna.

Uaig dár gcánamhaibh i dtír ár n-athardha,

Iarraimid ort, a Thiarna.

An Phollann do bheith gan roinn agus nea-spleáchas
agus saoirse bheith aici,

Iarraimíd ort, a Thiarna.

In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid
Naomh, Amen.

NOTAI

Isé an Comte de Montalembert do chéad-aistrig an leabhar so agus do scríbh réamhrádh dhó in Abrán na bliana 1883. Do cuireadh ar *Index* an pápa i mí Dheire an Fhómhair é ach do tógadh den *Index* é i gceann roinnt blian.

LEABHAR AN NAISIÚIN PHOLANNAIG.

Versa 11. Le hórdú na comhachta ab aoirde, do cló-bhuaileadh, i gcóir na dteampall agus na scol gCaitlicidhe Rómhánach sa Rúis, leabhar teagaise ar an onóir a bhí ag dul dImpire na Rúis uile (Vilna, an cló-theach deoiseasach 1832).

48. Do dhein cuid desna prionsaíbh Gearmáineacha, go háirithe *landgrafana* Hesse-Cassel, .i. Frederic (sa bh. 1771) agus Seoirse-Liam (sa bh. 1794), do dheinedar na mílte dá ndaoine do thabhairt ina saighdiúirí dosna Sasanaig ar thuarastal.

57. “Thug Críost dúinn an machtnamh úd ar ‘chine-daonacht.’ Roime n-a theacht san ní raibh fíor-náisiún ar bith ann ach an náisiún Eabhrach; óir níorbh eol fós cá raibh triall na náisiún ná cadé an treo ina raibh na náisiúin dá dtarac, ar nós na bpláinéad ag gluaiseacht timpall na gréine. . . . Ach cad is ‘cine-daonacht’ ann?—Isé rud é ná suim iomlán agus aondacht na neart go léir a ghluaisean ó spioraid na cine daona agus a nochtar go follus ar an dtalamh so le síocháin agus le grádh idir chlainn na cine daona .i. idir *na náisiúin!* Toradh saothir dhaoine isea na Stáit; níl ionta ach co-chruinnithe daoine. Isiad na náisiúin amháin a ghluais ó Dhia.” (Réamhrádh don *Aube*, .i. an “Lóchaint,” do scríbh file na Polainne .i. Sigismond Krasinski.)

61. Frédéric Ancillon, ollamh agus seanmóinidhe agus seanchaidhe, do bhí ina mhinistir ar ghnóthfíbh iasachta na Prúise taréis na b. 1830 agus d’éag sa bh. 1837. Do

shíolraigh sé ó Phrotastúnachaibh Francacha do theith godí an Phrúis taréis aisghairm reachta Nantes. *Ancilla: daor* a bhrí sa Laidin.

78. Do chuaidh Lafayette ag comhrac ar son saoirse Americá. Chuir sé ar ghnáth-Chó-dháil na Fraince aontú le Fógra Cearta an Duine agus an Chathrathóra. Isé a chuir an gárda náisiúnta ar bun agus isé ba chéad rí féinne ar an ngárda san. Le linn ath-réim na mBourbonach do ghaibh sé páirt i ngach troid dár deineadh ar son na saoirse. Taréis Atharú na b. 1830, do chosain sé cúis gach cine, go mórmór cúis na Polainne i Seomra na dTeachta. D'eag se 20 Bealtaine 1834.

85. Ladaslás a III., .i. Ladaslás Iagellon do throid sé in aghaidh an tSultáin Amurat agus do thuit sé i geath Varna 10 Samhain 1444. Tháinig na Túrsaigh isteach i gCathair Chonstantín naoi mbliana ina dhiaig sin.

Seán a III., .i. Seán Sobieski, do rug bua i geath Vienna 12 M. Fomhair 1683, bua a thug saoirse, ní hamháin dAustria ach don Chríostúfacht go leir. Cuireadh suas teampall sa bhfórum Traianach, sa Róimh, mar chuimhneamh ar an geath san, agus bhí an lá san a bhfuascailte ina lá féile ag muintir Vienna ar feadh céad blian.

87. Có-cheangal na Lituáine agus na Polainne, a tosnuigh-eadh le pósadh an árd-diúic Ladaslás Iagellon le hEdwige, banríoghain na Polainne, sa bh. 1887, do daingnigheadh an có-cheangal san i ndiet (nó i mór-chomhairle) Lublin sa bh. 1569 nuair dfógair an diet ríocht na Polainne agus diúcacht na Lituáine bheith ina n-aon républic amháin.

91. Do thosnuig ath-chórú na Polainne istig le Córú Dlí an 3adh lá de Bhealtaine 1791 (níor tháinig Córú Dlí na Fraince godí an 29adh lá de Mh. Fomhair na bliana san).

98. Sarar deineadh an tarna roinnt ar an bPolainn do ceangladh connradh idir rí na Prúise, .i. Frederic-Liam, agus an Pholann, 29 Márta 1790, chun gurbh usaide feall a dhéanamh ar an bPolainn.

100. Oráideacha an bhancaire, Casimir Périer, uachtarán na comhairle agus ministir gnóthí na Fraince istig, 18 agus 28 Márta agus 13 Abrán 1831.

102. Le linn na náisiun do bheith dá dtréigean do tharla ceannaire i bPáras. An 14ad lá de mhí na Feabhra 1831 do leagadh ar lár eros teampaill Saint-Germain l'Auxerrois agus do caitheadh fómhána na naomh dá mbunaibh anuas. Larnabháireach a bhí chugainn do chuaidh na daoine godí tigh an árdeaspuig agus do réabadar é. Is beag ná gur caitheadh teampall Notre Dame isteach in abhainn na Seine. Rud éigin éagsúlach do bhain do chroidhe na ndaoine ar an gcuma geádna san ísea fé ndeár tuitim Cholumhan an airm mhóir sa bh. 1871.

109. Do thóg Suwarrow cathair Bhársá an 7ad lá de mhí na Samhna 1794; agus do thóg Paszkiewicz í an 7ad lá de Mh. Fomhair 1831.

LEABHAR NA NOILITHREACH bPOLANNACH.

II. 6.—Tá Adam Mickiewicz ag labhairt ar na Rómhánaig mar dhaoine den Impireacht Rómhánach a bhí ann anallód, agus ní mar Iodáilig.

9.—Na ríochta diombuana diplomáide a chruthaig Napóleón, dóibh-sin atáthar ghá thagairt sin anso.

IV. 1.—*Nolite confidere principibus* (i. ná bíodh do mhuinghin agut a' prionsaibh), adeirtar sa Scríbhinn Diadha.

9.—Nímh ísea teagosc Voltaire agus, más féidir do bheith ina léigheas ar an bhfanaticeacht i gcásaibh áirithe, tá sé contabharthach do dhaoine atá ina sláinte.—Séanan teagosc Hegel an Absolóid.—Deir Monsieur Guizot go bhfuil an phoilitíocht saor ó mhorálas. Agus múinean Monsieur Cousin go borb an teagosc a bhaineann le buachtaint an tsaoil seo.

VII. 7.—“Ná hbraidh: ní beirt d'aon chine mise agus eisean, óir is éinne amháin is athair don uile chine ar an dtalamh .i. Adam, agus is Aon is athair dóibh ar neamh .i. Dia.

“Nuair a buailtear ball desna ballaibh beatha mothuighean an corp go léir an buille. Is aon chorp amháin sibh go léir. Ní féidir éagcóir a dhéanamh ar éinne amháin agaibh gan éagcóir a dhéanamh oraibh go léir.” (Lamennais, *Bréithre Creideamhaig*, IV.)

“ An pobal fhuilingean le héageóir a dhéanamh ar phobal eile comhngarach dóibh deinid siad uaig ina n-adhlacfidh a saoirse féin í féin.” (Iamennais, *Leabhar na Poblíochta XII.*)

X. 10.—Is i mBourges, agus Louis-Phillippe ina rí, do chuir 366 de dhaoine isteach ar phost básaire a bhí taréis bháis.

XII. 12.—Oíche an 29adh lá de Shamhain isea do thosnuig éirghe-amach na bliana 1830. Do rugadh bua ag Wawer 19 Feabhra, 1831, agus ag Grochow 25 Feabhra.

17.—Isé Ginireál Skrzynecki do bhuaidh ar na Rúisínig i geath Wawer agus Ginireál Dwernicki do bhuaidh ag Stoczek 16 Feabhra, 1831, sa chéad chath den choga. Ginireál Henri Dembinski a stiúruig an cúlu ón Lituáin; bhí resimeint Wollynie fé láimh Chornail Séarlas Rozycki. An tOllamh Lelewel a chuir misneach ar na fearaibh óga. Pierre Wysocki agus lucht iompair na meirgí a thug an comhartha chun éirithe amach le fogha fé phálás Bhelvédère. Sa diet bhí an nuncio ar an gcéad duine do liúig: Síos le Nicolás.

32.—Tugadh cath fuilteach Ostrolenka 26 Bealtaine, 1831.

XIII. 1.—Nuair a thairg ministir an chogaidh comharthaí onóra do Léigión Pholannach na b. 1848, a chuir Adam Mickiewicz ar bun san Iodáil, ní ghlacfidís iad agus dubhradar: “ Is ar son saoirse na Róimhe agus ar son prínsiobal aondacht na bpoibleacha a throidimidne; tугan ár gcoinsias féin cúiteamh dúinn.

XV. . Sa tsoluíd seo, isé an Polannach an maor, agus isé an Rúisíneach an foghluidhe, agus isí an Fhrainc an tig ósta.

Ní raibh ach páirt bheag ag na Giúdaig in éirghe-amach na b. 1831 ach do thespeánadar ag Bhársá sa bh. 1861, nár lú a ngrádh don Pholainn ná grádh na gCríostuithe dhi. Nuair a bhí Adam Mickiewicz ag déanamh foghluma i gColáiste na Fraince thug sé ómós do dheathréithe an phobail Ghiúdaig “ an t-aon phobal amháin ná deaghaidh riamh dá muinghin a’ Dia.” Nuair a bhí sé san Iodáil sa bh. 1848 dubhairt sé sa *Chréidh Phoiliticeach* a scríbh sé;

“DÍsrael, don bhráthair is sine againn, urraim agus cómbráithreachas agus có-thruime gach cirt shíbhialta agus gach cirt pholaitíochta,” ar seisean. Isé céad-rud a bheartaigh sé agus é sa Domhan Toir ná có-thruime na nGiúdach sa Pholainn do chur ar aghaidh.

An meon úd chun íbeartha dhéanamh díobh féin do thespeáin na Polannaig insna b. 1861 agus 1862 do thuill sé dhóibh an có-thruime do reachtúg an rialtas náisiunta dhóibh i dtosach na b. 1863.

XVIII. 11.—“Chun saoirse dhaoibhse agus dúinne” a scríbh na Polannaig ar a meirgíbh sa bh. 1831—ag cur saoirse chách eile roime n-a saoirse féin.

XXI. 1.—An t-ímdheargadh atá ag Adam Mickiewicz á dhéanamh ar na Giúdaíg, is aon bhunús amháin atá leis sin agus leis an ímdheargadh a dhein Isaías ar na Giúdaíg anallód.

4.—Ar na mílte nithe a deineadh chun fabhair a thespeáint don Pholainn áirímid na nithe seo: gur ghlac na Gearmáinig go fáilteach an lucht imirce ón bPolainn, sa bh. 1831, le cantainní cómbráithreachais; go raibh leanbhaí ag guidhe orra i Sasana (i mBeverley cuir i gcás), agus gur chuireadar a bpinginí Sathairn i dtaisce ina gcóir; gur minic a dheineadh colaisteánaig sa bhFrainc a nduasa leigint uatha chun go ndíolfí iad chun sochair dosna comhaltaisí Polannacha (mar a chuir an *Temps* i gcuimhne dhúinn 10 Feabhra, 1880).

Thug muintir thuatha na Bresse an teagosc so dá dteachtaire: “’Sea, dubail na bronntanaí airgid i gcóir an chogaidh agus i gcóir na bPolannach óir is cuma dhúinn an Pholann nó an Fhrainc.” (Oráid Mhonsieur le baron de Laguette-Mornay, an teachtaire ón Ain. Seiseon an 30adh lá den Mhárta 1833.)

7.—I radharc a V. de chuid a III. desna *Dziady*, deirtar, ar an intinn gcéadna, ná hiompódh ach amháin an náisiún is barbartha desna trí náisiúnaibh có-pháirteacha. Na Rómhánaig, a chéas Iosa ar an gceois, do dhein Críostuithe dhíobh.

XXIII. 6.—Feic Apocal. XVIII. 11, 15, 23.

GUIDHE AN OILITHRIG.

Bhí an Pholann agus an Lituáin fé smacht na nIagellonach ón mb. 1396 go dtí an bh. 1572. “I gcaitheamh an dá chéad bliain san,” arsa Adam Mickiewicz, “nfor cuireadh aon choir i leith Iagellonaig ar bith, aon mhíghníomh chun tairbhe dhó féin ná do réimeas a theaghlaig.” (*Daoir I.*, l. 395.)

Sobieski, .i. an rí ar a dtugtfí Sean a III., do rugadh é 2 Meitheamh 1629, ag bun sléibhte Charpáite, agus d'éag sé in aice Bhársá 17 Meitheamh 1696.

Kosciusko, do rugadh sa Lituáin 16 Feabhra 1745, bhí sé ina adiutant do Washington le linn an chogaidh ar son saoirse Américá; do tugadh an forlamhas go léir dó le linn éirghe-amach an 24ad lá den Mhárta 1794; do bhris sé cath ar na Rúisínig ag Raclawice; do tógadh ina phrísúnach é 6 D. Fomhair ag Maciejowice; d'éag sé i Soleure san Eilbhéis 15 D. Fomhair 1817. Tugadh a chorp tharnais go dtí an Pholann i gCracow agus d'adhlacadh é maraon le corp Sheosaimh Poniatowski i dtuama ríthe na Polainne.

LIODAN NA nOILITHREACH.

D'iarr ambasadóirí na Polainne ar Píus a V., ar an bpápa ba dhéanaghe fuair bás fé cháil naofachta, d'iarradar taisí naomh air le tabhairt do náisiún na Polainne. “A chlann ó,” arsa an pápa, “cad is gá dhaoibhse taisí? Tógaidh lan doirn d'úir na Polainne; isé rud an úir sin ná cnámha daoine fuair bás ar son na hEaglaise, mar throidedar i gcoinnibh lucht an ainchreidimh; tá fuil na martar measguithe thríthe.” (*Daoir Adam Mickiewicz, V.*, l. 85.)

Le linn na céime is crua dár rug riamh ar Republic Flórens, dfógair Savonarola Iosa Críost a bheith ina rí feasta ar Fhlórens. Le linn an ghátair a tháinig ar République na Polainne i ndiaig an chogaidh leis na Suédaig dhein an rí, Seán Casimir, dhein sé aithris ar Shavonarola agus dfógair sé an Mhaighdean Mhuire ina banríoghain ar an bPolainn agus ar an Lituáin. Sidé an chuid deiridh dá mhóid: “Agus ós follus dom, agus an brón mór so ar mh'anam, gur mar

gheall ar leattrom agus ar olagónaibh na n-uiríseal atá an tArdbhreitheamh ag leigint pláigeana iolartha anuas ar mo ríocht le seacht mbliana, geallaim dhuit, an túisce na mbeidh an tsíocháin déanta, go ndéanfad féin, maraon le hOrdaibh uile mo chuid Estáití, na nithe is gá a chur i bhfeidhm chun muintir mo ríochta dhuascailt óna lithéid de leattrom." (1 Abrán 1656.)

An 7adh lá de mhí na Bealtaine coimeádan an Eaglais féile San Stanaslás, easpóg Chracow, a fuair bás 8 Bealtaine 1078; an 6adh lá de Bhealtaine coimeádan sí féile San Casimir, a fuair bás i Vilna sa bh. 1484; an 26adh lá de Mh. Fhómhair coimeádan sí féile San Iósaphat, árdeaspóg Pholock, a fuair bás ag Witebsk sa bh. 1623.

Do chuir na Pulawski agus patriotaig eile an Có-chumann nó an Confederation ar bun i mBan i bPodolie. Do chuaidh an Có-chumann i ngleic leis na Rúisínig agus bhíodar ar feadh chúig mbliain gan stríocadh, .i. godí gur roinneadh an Pholann sa bh. 1772.


Praga .i. baile d'imeall-bhailtibh Bhársá, do thóg na Rúisínig é ósna Polannaig 6 Samhain 1794.

Dhein na Rúisínig léirserios ar mhuintir Oszmiana (baile beag sa Lituáin) 17 Abrán 1831; agus i bhFischau, an 27adh lá de Ghionbhair 1832, dhein na Prúisínig dísciú ar na saighdiúirí Polannacha taréis a gcuid arm a bhaint díobh. Na saighdiúirí Polannacha bhí ina bprísúnaig i gCronstadt, do daoradh iad chun 800 buille 'shlait a bhuala orra cheithre huaire. Taréis gach sciúrsála, do leighistí an méid a bhíodh beo fós díobh i dtreo go bhféadfidís an chuid eile den phionós dfulag. Fuair a bhfurmhór bás don sciúrsáil.

Dhein na hIodáilig aithris ar an Liodán so sa bhliain 1848 roim laethanta glórmhara Mhilan (Feic "Cuimhneachán an Léigióin Pholannaig" den bhliain 1848, iml. a hAon, leath, a 178).

L. M.

Páras, 24 Nodlaig, 1881.



9 -0500 (EST)
23615@java.cc.mcgill.ca>

548

DEMANDE PEB

BOOK LOAN

DATE SENT

NOV 6 1998

DATE DUE

DEC 6 1998

